Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13992/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0302 (COD)**

**PECHE 388**
**CODEC 1836**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Deireadh Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 531 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad i Limistéar Feidhme Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 531 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 531 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
COM(2026) 531 final

2026/0302 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad i Limistéar Feidhme Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is aidhm don togra seo na bearta caomhnaithe, bainistíochta agus rialaithe a glacadh faoi Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) a chur chun feidhme i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Is é SIOFA an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh (ERBI) atá freagrach as acmhainní iascaigh i Limistéar Feidhme SIOFA a bhainistiú.

Tugtar sainordú do Chruinniú bliantúil na bPáirtithe in SIOFA chun bearta caomhnúcháin agus bainistíochta (CMManna) a ghlacadh le haghaidh an iascaigh atá faoina chúram. Tá na CMManna sin ceangailteach ar Pháirtithe Conarthacha, Eintitis Rannpháirteacha Iascaireachta agus Páirtithe Comhoibríocha Neamh-Chonarthacha SIOFA (PCNanna a thugtar orthu le chéile). Tá an tAontas ina Pháirtí Conarthach in SIOFA ó bhí 2008 ann. Tá soitheach iascaireachta gníomhach amháin aige faoi láthair i Limistéar Feidhme SIOFA, cé go n-athraíonn méid iomlán an chabhlaigh go bliantúil, agus athraíonn sé go ginearálta idir soitheach amháin ar a laghad agus dhá shoitheach ar a mhéad. Ní mór don soitheach sin CMManna SIOFA a chomhlíonadh.

Faoi Airteagal 8(3) SIOFA, tá CMManna arna nglacadh ag Cruinniú na bPáirtithe ceangailteach ar PCNanna. Ceanglaítear ar gach PCN gach beart is gá a dhéanamh chun forfheidhmiú agus comhlíonadh na mbeart sin a áirithiú.

Tá bearta SIOFA dírithe go príomha ar PCNanna, ach cuireann na bearta sin oibleagáidí ar oibreoirí freisin (e.g. máistrí soithigh).

Cuirtear an togra seo in ionad togra a bhí ann roimhe seo maidir leis an ábhar céanna freisin, agus cuirtear san áireamh ann ábhair imní an reachtóra (2022/0348(COD)).

A luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, ní mór don Aontas a áirithiú go gcomhlíonfar CMManna SIOFA. Tá an togra sin ceaptha chun na bearta atá ann faoi láthair a chur chun feidhme agus chun sásra a bhunú chun bearta a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme. Cuirtear san áireamh sa togra seo iascaireacht ar shoithí an Aontais i Limistéar Feidhme SIOFA trí dhorú láimhe agus spiléir ghrinnill a úsáid.

Is é is aidhm don togra seo a áirithiú go bhfuil sé ar a chumas don Aontas an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) bearta a chur chun feidhme atá chun tairbhe chabhlach an Aontais; (ii) cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh oibreoirí; agus (iii) tacaíocht bhreise a thabhairt do bhainistiú inbhuanaithe fadtéarmach na stoc go tráthúil.

Chun go gcuirfear rialacha SIOFA chun feidhme go pras, foráiltear ar dtús do dheonú cumhachtaí tarmligthe chuig an gCoimisiún sa togra seo faoi Airteagal 290 CFAE agus do fhreastal a dhéanamh ar leasuithe ar bhearta SIOFA agus do chomhchéim a áirithiú do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh le soithí iascaireachta Páirtithe Conarthacha eile. Moltar go dtabharfaí cumhachtaí tarmligthe maidir leis an méid seo a leanas: (i) an fhaisnéis atá ag teastáil le haghaidh údaruithe soithigh; (ii) athruithe ar chineál na hiascaireachta nó ar chineál an trealaimh iascaireachta; (iii) an líon aonad táscaire éiceachóras muirí leochaileach gabhála/aisghabhála, agus na hachair nach mór scoir d'iascaireacht ghrinnill a dhéanamh laistigh díobh i gcás inar thángthas ar fhianaise gur ann d'éiceachóras muirí leochaileach atá os cionn leibhéil na tairsí le linn oibríochtaí iascaireachta; (iv) cumhdach breathnóirí eolaíocha le haghaidh iascaireacht ghrinnill agus tabhairt isteach cláir breathnóra leictreonaigh; (v) bearta le haghaidh an iascaigh déadéisc i limistéir Del Cano Rise, Williams

Ridge agus South Indian Ridge; agus (vi) athruithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an togra seo.

Ar an dara dul síos, leis an togra seo tugtar isteach tagairtí dinimiciúla do CMManna a bheidh le húsáid ag na Ballstáit. Tá na doiciméid sin in úsáid ag lucht riaracháin na mBallstát cheana féin, tá siad ar an eolas maidir leo agus ní mór dóibh a áirithiú go gcuirfear CMManna chun feidhme. Seolann an Coimisiún leaganacha de na doiciméid sin ar tugadh cothrom le dáta iad chuig na Ballstáit tar éis do SIOFA leaganacha nua a ghlacadh. Cuimsítear ar na doiciméid éigeantacha sin formáidí tuairiscithe nó doiciméid malartaithe sonraí SIOFA a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) sonraí breathnóirí; (ii) cigireachtaí calafoirt agus cigireachtaí ar muir; (iii) tuairisciú gabhála; agus (iv) plean oibríochta iascaireachta nua taiscéalaíoch. Toisc go n-athraíonn ceanglais agus teimpléid ó am go chéile agus nach bhfuil ach soitheach amháin nó dhá shoitheach de chuid an Aontais gníomhach faoi láthair in iascach atá faoi bhainistiú ag SIOFA, is iomchuí gurb iad na Ballstáit a bhfuil deiseanna iascaireachta acu le haghaidh acmhainní iascaigh SIOFA a sholáthróidh na ceanglais agus na teimpléid dá gcuid soithí iascaireachta nuair a eisíonn siad údaruithe iascaireachta.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo forlíontar dlí eile an Aontais Eorpaigh sa réimse seo agus tá an togra comhsheasmhach leis.

Go sonrach, tá sé comhsheasmhach le Cuid VI (Beartas seachtrach) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1] maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI). Le Cuid VI ceanglaítear ar an Aontas a iascach seachtrach a dhéanamh i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta agus a ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhunú ar chomhar iascaigh réigiúnach.

Leis an togra seo forlíontar Rialachán (AE) 2017/2403[2] maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena bhforáiltear go bhfuil soithí iascaireachta an Aontais faoi réir an liosta údaruithe iascaireachta faoi choinníollacha agus rialacha an ERBI atá i gceist. Forlíontar leis an togra freisin Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[3] ón gComhairle maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

Ní chumhdaítear deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais arna gcinneadh ag Cruinniú na bPáirtithe leis an togra seo. Faoi Airteagal 43(3) CFAE, tá sé de shainphribhléid ag an gComhairle bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bhaineann le hábhar

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[2] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE ina leagtar amach na forálacha is gá chun cuspóirí CBI a shaothrú

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go dtagann an togra sin faoi inniúlacht eisiach an Aontais, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Áiritheofar leis an togra seo go bhfuil dlí an Aontais i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta a glacadh ag Cruinniú na bPáirtithe. Áiritheofar leis an togra seo freisin go gcomhlíonann an tAontas na cinntí a ghlac SIOFA a bhfuil sé ina Pháirtí Conarthach ann. Ní théann an togra sin thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is rialachán í an ionstraim atá roghnaithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá sé d'aidhm leis an togra seo bearta SIOFA a chur chun feidhme atá ceangailteach maidir le PCNanna. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta agus ionadaithe tionscail ó na Ballstáit sa tréimhse go díreach roimh Chruinnithe na bPáirtithe ar lena linn a glacadh na bearta, agus ar feadh na caibidlíochta a rinneadh ag na cruinnithe sin chomh maith. Dá bharr sin, níor mheas an Coimisiún go raibh sé riachtanach comhairliúchán le páirtithe leasmhara a reáchtáil maidir leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le clár an Choimisiúin um oiriúnacht agus feidhmíocht rialála

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint ceart bunúsach daoine.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá forálacha ginearálta i gCaibidil I maidir le hábhar agus raon feidhme an togra. Leagtar sainmhínithe amach ann freisin chomh maith le forálacha maidir le húdaruithe soithigh agus eisiúint údaruithe iascaireachta.

Pléitear le bearta iascaireachta grinnill i gCaibidil II, lena n-áirítear: (i) teorainneacha iarrachta agus bearta ginearálta; (ii) bearta a ceapadh chun éiceachórais mhuirí leochaileacha i Limistéar Feidhme SIOFA a chosaint; (iii) cumhdach breathnóra eolaíoch; agus (iv) iascach nua taiscéalaíoch. Cuimsítear bearta sonracha ann freisin le haghaidh an iascaigh déadéisc i limistéir Del Cano Rise, Williams Ridge agus South Indian Ridge.

Leagtar bearta síos i gCaibidil III chun speicis mhuirí a chosaint lena n-áirítear bearta maidir leis an méid seo a leanas: (i) toirmeasc a chur ar shruthlíonta peiligeacha ar mórscála agus eangacha geolbhaigh domhainmhara; (ii) toirmeasc a chur ar dhíriú ar roinnt speiceas siorcanna domhainfharraige agus a ngabhálacha a bhainistiú; agus (iii) seachghabháil éanlaith mhara a mhaolú.

Leagtar amach bearta faireacháin agus rialaithe i gCaibidil IV lena n-áirítear rialacha maidir leis an méid seo a leanas: (i) córas um fhaireachán soithí; (ii) tuarascálacha ar dhul isteach agus dul amach; (iii) doiciméid agus marcáil an tsoithigh iascaireachta; (iv) trealaimh iascaireachta a tréigeadh, a cailleadh nó a díobhadh ar bhealach eile a fháil ar ais; (v) diúscairt plaisteach; agus (vi) faireachán a dhéanamh ar thrasloingsithe ar muir agus aistrithe i gcalafort agus tuairisciú gaolmhar. Cuimsítear rialacha lipéadaithe le haghaidh táirgí acmhainní iascaigh reoite, agus ceanglais le haghaidh cláir bhreathnóra leictreonaigh sa chaibidil seo freisin.

I gCaibidil V leagtar amach rialacha maidir le soithí tríú tír a rialú i gcalafort na mBallstát agus ar an mórmhuir: (i) amhairc ar shoithí nach de chuid Pháirtithe Conarthacha, Eintiteas Rannpháirteacha Iascaireachta ná Pháirtithe Neamh-Chonarthacha SIOFA iad (soithí neamh-PCNanna) agus na soithí sin a shainaithint; agus (ii) bearta agus cigireachtaí calafoirt.

Pléitear le forfheidhmiú i gCaibidil VI, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (i) bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir, lena n-áirítear sainmhíniú ar sháruithe tromchúiseacha agus forfheidhmiú gaolmhar; agus (ii) iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

Cumhdaítear bailiú agus tuairisciú sonraí, soláthar sonraí ó bhreathnóirí eolaíocha, agus tuairisciú eile i gCaibidil VII.

Cuimsítear i gCaibidil VIII forálacha críochnaitheacha maidir le líomhaintí i leith neamhchomhlíontachta arna dtuairisciú ag SIOFA, maidir le rúndacht, tarmligean cumhachtaí agus feidhmiú an tarmligthe sin.

2026/0302 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad i Limistéar Feidhme Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é cuspóir an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar chaoi a chothóidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta.

(2) Trí bhíthin Chinneadh 98/392/CE ón gComhairle[6], d'fhormheas an tAontas Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982. Trí bhíthin Chinneadh 98/414/CE ón gComhairle[7], d'fhormheas an tAontas an Comhaontú a bhaineann leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme maidir le caomhnú agus bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach. Tá prionsabail agus rialacha sa chomhaontú seo maidir le beo-acmhainní na mara a chaomhnú agus a bhainistiú. Faoi chuimsiú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá air, bíonn an tAontas rannpháirteach in iarrachtaí a dhéantar in uiscí idirnáisiúnta chun stoic éisc a chaomhnú.

4 IO C […], […], lch. […]

5 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

6 Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 lena bhformheastar go dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach i gcrích Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

7 Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 lena bhformheastar go ndaingneoidh an Comhphobal Eorpach an Comhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

(3) De bhun Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008[8] d'fhormheas an tAontas Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA).

(4) Glacann Cruinniú na bPáirtithe in SIOFA bearta caomhnúcháin agus bainistíochta (CMManna) atá ina gceangal ar an Aontas mar Pháirtí Conarthach. Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta a glacadh idir 2016 agus 2024 agus cuirtear é in ionad togra a bhí ann roimhe seo, ar togra é nár glacadh riamh (Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnúcháin agus rialaithe is infheidhme sa Limistéar a chumhdaítear faoi Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas 2022/0348(COD)).

(5) Chun comhlíonadh CBI a áirithiú, glacadh reachtaíocht de chuid an Aontais chun córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe a bhunú, ina n-áirítear an comhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN). Go sonrach, le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[9] ón gComhairle, bunaítear córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe de chuid an Aontais ag a bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhtháite chun comhlíonadh rialacha uile CBI a áirithiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011[10] ón gCoimisiún leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle. Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[11] ón gComhairle, bunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Dá bhrí sin, CMManna arna nglacadh ag SIOFA ach a bhfuil feidhm ag an Aontas maidir leo cheana féin de bhua na rialachán sin sa Rialachán seo, ní gá na CMManna sin a chuimsiú.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá seasamh an Aontais in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh le bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil. Déantar é sin chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní iascaigh a bhainistiú i gcomhréir le cuspóirí CBI, go háirithe leis an gcuspóir stoic éisc a athbhunú agus a chothabháil de réir a chéile os cionn leibhéil bhithmhaise atá in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe (UTI) a tháirgeadh, agus leis an gcuspóir dálaí a chur ar fáil do thionscal iascaireachta, gabhála agus próiseála atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh na heacnamaíochta de agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht ar talamh.

---

8 Cinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

9 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

10 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

11 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

(7) Chun go gcuirfear chun feidhme go pras i ndlí an Aontais CMManna a bheidh ann amach anseo lena leasófar nó lena bhforlíonfar na CMManna a bhunaítear sa Rialachán seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le forálacha a leasú a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) an fhaisnéis a éilítear le haghaidh údarú soithigh; (ii) athruithe ar chineál na hiascaireachta nó ar chineál an trealaimh iascaireachta; (iii) an líon aonad táscaire éiceachóras muirí leochaileach gabhála/aisghabhála, agus na hachair nach mór scoir d'iascaireacht ghrinnill a dhéanamh laistigh díobh i gcás inar thángthas ar fhianaise gur ann d'éiceachóras muirí leochaileach atá os cionn leibhéil na tairsí le linn oibríochtaí iascaireachta; (iv) cumhdach breathnóirí eolaíocha le haghaidh iascaireacht ghrinnill agus tabhairt isteach cláir breathnóra leictreonaigh; (v) bearta le haghaidh an iascaigh déadéisc i limistéir Del Cano Rise, Williams Ridge agus South Indian Ridge; agus (v) athruithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

(8) Forordaítear leis na CMManna freisin an úsáid éigeantach a bhaineann oibreoirí as formáidí tuairiscithe nó malartuithe sonraí a bhaineann le sonraí breathnóirí, cigireachtaí calafoirt agus cigireachtaí ar muir, tuairisciú gabhála agus plean oibríochta iascaireachta nua taiscéalaíoch. Tá na ceanglais sonraí agus na teimpléid sin in úsáid cheana ag cabhlach an Aontais agus ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin SIOFA. Toisc go leasaítear na ceanglais agus na teimpléid sin ó am go chéile agus nach bhfuil ach soitheach iascaireachta amháin nó dhá shoitheach de chuid an Aontais gníomhach in iascaigh atá faoi bhainistiú ag SIOFA, is iomchuí gurb iad na Ballstáit a bhfuil deiseanna iascaireachta acu i Limistéar SIOFA a sholáthróidh na ceanglais agus na teimpléid dá gcuid soithí iascaireachta nuair a eisíonn siad údaruithe iascaireachta. Soláthraítear tagairtí dinimiciúla do na doiciméid sin sa Rialachán seo, chun go n-áireofar i dtagairt do dhoiciméad de chuid SIOFA aon leasuithe leantacha a dhéanfar ar an Rialachán.

(9) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin iomchuí ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[12]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] agus thug sé barúlacha foirmiúla an []. Caithfear le sonraí a phróiseáiltear faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht dá dtagraítear in Airteagail 112 agus

[12] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

[13] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

113 de Rialachán 1224/2009 ón gComhairle[14]. Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a áirithiú, ba cheart na sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse suas le 10 mbliana. I gcás ina bhfuil gá leis na sonraí pearsanta chun obair leantach a dhéanamh ar shárú, ar chigireachtaí nó ar nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin, ba cheart gur féidir na sonraí sin a stóráil ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach nach faide ná 20 bliain.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil 1
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos sa Rialachán seo forálacha a bhaineann le bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a bhaineann le hiascaireacht sa Limistéar a chumhdaítear faoi Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas[15] (SIOFA).

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

(a) Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar;

(b) Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann acmhainní iascaigh a bhuantar sa Limistéar a thrasloingsiú;

(c) Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann oibríochtaí aistrithe criú, trealaimh nó aon soláthairtí eile ar muir, i gcáil soitheach díluchtaithe nó soitheach glactha, i gcás go bhfuil gníomhaíochtaí iascaireachta déanta ag ceann ar bith de na soithí atá bainteach leis an aistriú nó go mbeartaítear go ndéanfaidh sí gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar;

(d) Soithí iascaireachta tríú tír a iarrann cead isteach i gcalafoirt de chuid an Aontais nó atá ina n-ábhar do chigireacht i gcalafort den sórt sin agus atá ag iompar acmhainní iascaigh a buanadh sa Limistéar.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar d'aon fhoráil níos déine atá i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún, agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ón gCoimisiún.

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

15 Cinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas PCN(IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'Comhaontú' Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas[16];

(2) Ciallaíonn 'limistéar' an Limistéar a theorannaítear le líne a cheanglaíonn na pointí seo a leanas feadh línte domhanleithid agus fadlínte domhanfhaid, cé is moite d'uiscí faoi dhlínse náisiúnta:

Ag tosú ag an áit a bhuaileann an líne dhomhanleithid 10° ó Thuaidh mór-roinn na hAfraice; uaidh sin soir feadh na líne leithid sin go dtí go dtrasnaítear an fhadlíne 65° Thoir; uaidh sin ó dheas feadh na fadlíne sin go dtí go dtrasnaítear an meánchiorcal; uaidh sin soir feadh an mheánchiorcail go dtí go dtrasnaítear an fhadlíne 80° Thoir; uaidh sin ó dheas feadh na fadlíne sin go dtí go dtrasnaítear an líne leithid 20° ó Dheas; uaidh sin soir feadh na líne leithid sin go dtí go mbuailtear mór-roinn na hAstráile; uaidh sin ó dheas agus soir ansin feadh chósta na hAstráile go dtí go dtrasnaítear an fhadlíne 120° Thoir; uaidh sin ó dheas feadh na fadlíne sin go dtí go dtrasnaítear an líne leithid 55° ó Dheas; uaidh sin siar feadh na líne leithid sin go dtí go dtrasnaítear an fhadlíne 80° Thoir; uaidh sin ó thuaidh feadh na fadlíne sin go dtí go dtrasnaítear an líne leithid 45° ó Dheas; uaidh sin siar feadh na líne leithid sin go dtí go dtrasnaítear an fhadlíne 30° Thoir; uaidh sin ó thuaidh feadh na fadlíne sin go dtí go mbuailtear mór-roinn na hAfraice.;

(3) ciallaíonn 'iascaireacht'

(a) acmhainní iascaigh a chuardach, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú go hiarbhír nó iarracht an méid sin a dhéanamh;

(b) aon ghníomhaíocht a bhféadfaí a mheas go réasúnach go ndéanfaí acmhainní iascaigh a aimsiú, a ghabháil, a thógáil nó a shaothrú chun aon chríche mar thoradh uirthi, lena n-áirítear taighde eolaíoch;

(c) aon fheiste comhthiomsaithe acmhainní iascaigh nó trealamh gaolmhar, lena n-áirítear rabhcháin raidió, a shuíomh, a chuardach nó a aisghabháil;

(d) aon oibríocht a dhéantar ar muir chun tacú le haon ghníomhaíocht a dtugtar tuairisc uirthi sa sainmhíniú seo nó mar ullmhúchán di, cé is moite d'aon oibríocht i dtaca le héigeandálaí a bhaineann le sláinte nó sábháilteacht bhaill an chriú nó sábháilteacht soithigh; nó

(e) aon úsáid a bhaintear as aerárthach i ndáil le haon ghníomhaíocht a dtugtar tuairisc uirthi sa sainmhíniú seo, cé is moite d'eitiltí in éigeandálaí a bhaineann le sláinte nó sábháilteacht bhaill an chriú nó sábháilteacht soithigh;

(4) ciallaíonn 'acmhainní iascaigh' acmhainní éisc, moileasc, crústach agus speiceas neamhghníomhach eile laistigh den Limistéar, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh:

(a) speicis neamhaistreacha atá faoi réir dlínse iascaigh Stát cósta de bhun Airteagal 77(4) de Choinbhinsiún 1982; agus

[16] Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 196, 18.7.2006, lch. 15).

(b) speicis mhórimirceacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún 1982;

(5) ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta’ aon soitheach a úsáidtear le haghaidh iascaireachta, nó a bheartaítear í a úsáid le haghaidh iascaireachta, lena n-áirítear máthairlong, aon soitheach eile a bhíonn ag gabháil d’oibríochtaí iascaireachta go díreach, agus aon soitheach a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú;

(6) ciallaíonn 'soitheach iascaireachta de chuid an Aontais' soitheach iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit agus atá cláraithe san Aontas;

(7) ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta tríú tír’ soitheach iascaireachta nach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais í;

(8) ciallaíonn ‘deiseanna iascaireachta’ iarracht iascaireachta nó cuótaí arna leithdháileadh ar Bhallstát trí ghníomh de chuid an Aontais atá i bhfeidhm le haghaidh acmhainní iascaigh sa Limistéar;

(9) Ciallaíonn ‘taifead’ an Taifead Soitheach de chuid SIOFA atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar;

(10) ciallaíonn ‘CFS’ córas um fhaireachán soithí, dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[17];

(11) ciallaíonn ‘iascaireacht NNN’ aon ghníomhaíocht iascaireachta neamhdhleathach, neamhthuairiscithe nó neamhrialáilte mar atá sainmhínithe in Airteagal 2, pointí 1 go 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(12) Ciallaíonn ‘CMM’ beart caomhnúcháin agus bainistíochta arna ghlacadh ag Cruinniú na bPáirtithe de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú;

(13) Ciallaíonn ‘iascaireacht ghrinnill’ iascaireacht a dhéanamh le haon chineáil trealaimh ar dócha go dtiocfaidh sé i dteagmháil le grinneall na farraige nó le horgánaigh bheantacha le linn gnáthchúrsa oibríochtaí;

(14) Ciallaíonn ‘BFIA’ measúnú tionchair ar iascaireacht ghrinnill;

(15) Ciallaíonn ‘BFIA an Aontais’ an measúnú tionchair ar iascaireacht ghrinnill a chuir an tAontas Eorpach faoi bhráid Rúnaíocht SIOFA roimh thús ghnáthchruinniú an Choiste Eolaíoch in 2018, arna leasú ó am go ham;

(16) Ciallaíonn ‘BFIAS SIOFA’ an t-íoschaighdeán chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill atá beartaithe ar éiceachórais mhuirí leochaileacha agus ar stoic éisc dhomhainfharraige sa Limistéar, arna ghlacadh ag an gceathrú Cruinniú de na Páirtithe SIOFA in 2017 arna leasú ó am go ham;

(17) Ciallaíonn ‘Lorg Iascaireachta Grinnill SIOFA’ léarscáil de mhéid spásúil na hiascaireachta grinnill stairiúla sa Limistéar le haghaidh na soithí uile atá faoi

[17] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

bhratach na bpáirtithe conarthacha uile sa Chomhaontú, arna ghlacadh ag Cruinniú na bPáirtithe SIOFA in 2023 agus arna leasú ó am go ham;

(18) ciallaíonn 'drochthionchair shuntasacha' na drochthionchair shuntasacha dá dtagraítear i míreanna 17 go 20 de Threoirlínte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir[18] ;

(19) Ciallaíonn 'éiceachóras muirí leochaileach' éiceachóras muirí a shainaithnítear ag úsáid na gcritéir a léirítear i mír 42 de Threoirlínte Idirnáisiúnta FAO le haghaidh Bainistíocht ar Iascach Domhainmhara ar an Mórmhuir (FAO, 2009; Treoirlínte FAO le haghaidh Iascach Domhainmhara);

(20) ciallaíonn 'iascach déadéisc' díriú ar an speiceas *Dissostichus mawsoni* agus/nó *Dissostichus eleginoides* a shainmhínítear le chéile mar *Dissostichus spp.*;

(21) ciallaíonn 'clár breathnóra leictreonaigh' clár a úsáideann trealamh leictreonach faireacháin in ionad breathnóir daonna nó in éineacht leis, nó in ionad breathnóirí daonna nó in éineacht leo ar bord soithigh, ar trealamh é atá in ann sonraí a ghiniúint, a stóráil agus a tharchur chuig údaráis inniúla;

(22) Ciallaíonn 'lárionad faireacháin iascaigh' (LFI) lárionad oibríochta a bhunaigh Ballstát brataí agus ina bhfuil crua-earraí agus bogearraí ríomhaire lenar féidir sonraí a ghlacadh agus a phróiseáil, a anailísiú, a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu go huathoibríoch agus lenar féidir sonraí a tharchur go leictreonach;

(23) Is folimistéar den Limistéar Feidhme é 'Limistéar Del Cano Rise'. Sonraítear a theorainneacha in Iarscríbhinn I;

(24) Is fo-limistéar den Limistéar Feidhme é 'Limistéar Williams Ridge'. Sonraítear a theorainneacha in Iarscríbhinn I;

(25) Is fo-limistéar den Limistéar Feidhme é 'Limistéar South Indian Ridge'. Sonraítear a theorainneacha in Iarscríbhinn I;

(26) ciallaíonn 'sruthlíon peiligeach ar mórscála' eangach gheolbhaigh nó eangach eile, nó cumasc eangach, atá níos mó 2,5 ciliméadar ar fad arb é is cuspóir léi iasc a sháinniú, a ghaistiú nó a chur i bhfostú trí ghluaiseacht le sruth ar bharr an uisce nó san uisce;

(27) ciallaíonn 'eangach geolbhaigh domhainmhara' sreanga i mballaí líontáin idir shingil, dhúbailte agus triarach, arna gcoinneáil ceartingearach ar ghrinneall na farraige nó gar dó de ghnáth, ar ballaí líontáin iad a gceanglófar geolbhaigh na n-éisc iontu, a rachaidh na héisc i bhfostú iontu nó a sáinneofar iontu iad. Is féidir roinnt cineálacha éagsúla eangach a chur le chéile in aon trealamh amháin. Is féidir na heangacha sin a úsáid ina n-aonar nó, mar a dhéantar de ghnáth, go leor eangach a chur le chéile i líne ('scuainí' eangach). Is féidir an trealamh a shocrú, a chur ar ancaire ar an ngrinneall nó é a fhágáil le sruth, go saor nó ceangailte den soitheach;

(28) ciallaíonn 'gaireas rianaithe satailíte' gaireas dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle;

[18] FAO, 2009; Treoirlínte FAO le haghaidh Iascach Domhainmhara

(29) ciallaíonn ‘plaistigh’ ábhar soladach a bhfuil polaiméir amháin de mhóilíneach ard-mhaise nó níos mó ann mar chomhábhar fíor-riachtanach agus a chruthaítear (a mhúnlaítear) le linn mhonarú na polaiméire nó le linn dhéantúsaíocht na polaiméire isteach i dtáirge críochnaithe le teas agus/nó le brú;

(30) ciallaíonn ‘trasloingsiú’ díluchtú na n-acmhainní iascaigh uile atá ar bord soitheach iascaireachta, nó cuid de na hacmhainní iascaigh sin agus iad a chur ar bord soitheach eile, bíodh sé sin ar muir nó i gcalafort;

(31) Ciallaíonn ‘PCN’ Páirtithe Conarthacha SIOFA, Eintitis Rannpháirteacha Iascaireachta, Páirtithe Neamhchonarthacha Comhoibritheacha mar a shainmhínítear sa Chomhaontú;

(32) ciallaíonn ‘údaráis an tsoithigh iascaireachta’ údaráis PCN a bhfuil an soitheach iascaireachta ag oibriú faoina mbratach;

(33) ciallaíonn ‘cigire údaraithe’ cigire arna cheapadh ag údaráis PCN SIOFA atá freagrach as bordáil agus cigireacht agus atá sannta chun gníomhaíochtaí bordála agus cigireachta a dhéanamh de bhun an Rialacháin seo agus CMM 14;

(34) ciallaíonn ‘údaráis an tsoithigh cigireachta’ údaráis PCN SIOFA a bhfuil an soitheach cigireachta ag oibriú faoina mbratach;

(35) ciallaíonn ‘soitheach cigireachta údaraithe’ aon soitheach a chuimsítear i gclár na Soithí Cigireachta Údaraithe agus na nÚdarás Cigireachta de chuid SIOFA a bunaíodh faoi mhír 14 de CMM 14, agus atá údaraithe chun gabháil do ghníomhaíochtaí bordála agus cigireachta de bhun na nósanna imeachta sin;

(36) Ciallaíonn ‘Dréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA’ an liosta soithí a thoimhdítear go raibh siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) sa Limistéar, liosta a tharraing Rúnaíocht SIOFA suas agus a tarchuireadh chuig PCNanna agus chuig Páirtithe Neamh-Chonarthacha a raibh soithí dá gcuid ar an liosta roimh Chruinniú na bPáirtithe;

(37) ciallaíonn ‘speicis eile ar údar imní iad’ na speicis sin a bhféadfadh Coiste Eolaíochta SIOFA iad a shainmhíniú ó am go chéile;

(38) ciallaíonn ‘tuarascáil náisiúnta’ an tuarascáil náisiúnta bhliantúil ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, taighde agus bainistíochta na bliana féilire roimhe sin, i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-ullmhú ag an gCoiste Eolaíoch, arna leasú ó am go ham;

(39) ciallaíonn ‘iascach nua taiscéalaíoch’ iascach a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is gníomhaíocht iascaireachta grinnill í a dhéantar lasmuigh de Lorg Iascaireachta Grinnill SIOFA;

(b) is gníomhaíocht iascaireachta grinnill í a dhéantar laistigh de Lorg Iascaireachta Grinnill SIOFA, le cineál trealaimh nó teicníc ar leith nár úsáideadh roimhe sin san iascach sin sa limistéar sin mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CMM 17;

(c) úsáideann sé cineál trealaimh chun díriú ar acmhainní iascaigh sa Limistéar nach liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CMM 17;

(d) ní dhearnadh iascaireacht san iascach sin sa Limistéar sna 10 mbliana roimhe sin de bhun CMM 17; nó rinneadh iascaireacht san iascach sin sa Limistéar sna 9 mbliana roimhe sin de bhun CMM 17 arna leasú ó am go ham agus níor chinn Cruinniú na bPáirtithe SIOFA an t-iascach a iamh ná a bhainistiú mar iascach bunaithe.

(40) Ciallaíonn 'ALC' cumarsáidí suímh uathoibríoch, ar gaireas saitilítbhunaithe ar bord é atá in ann tuairiscí suímh CFS a tharchur go leanúnach agus go huathoibríoch, beag beann ar aon idirghabháil ón soitheach;

(41) is iad 'folimistéir' na codanna sin den Limistéar Feidhme. Sonraítear liosta na bhfolimistéar in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 4*

**Údarú soithigh**

1. Féadfaidh na Ballstáit údarú a eisiúint do shoithí iascaireachta atá faoina mbratach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. Tá údarú de dhíth ar shoithí iascaireachta atá faoi bhratach Ballstáit chun iascaireacht a dhéanamh ar na hacmhainní iascaigh sa Limistéar.

2. Cuirfidh na Ballstáit, go leictreonach, an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin faoi shoithí atá faoi bhratach an Bhallstáit lena mbaineann agus a bhfuil údarú acu iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus de bhun choinníollacha Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2403:

(a) ainm an tsoithigh, uimhir chlárúcháin, ainmneacha roimhe sin (más eol), agus calafort clárúcháin;

(b) an bhratach a bhíodh uirthi roimhe (más ann di) a n-úsáidtear cóid tíre ina leith;

(c) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió (más ann dó);

(d) Uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) (má éilíonn IMO í);

(e) ainm agus seoladh an úinéara nó na n-úinéirí;

(f) an cineál soithigh (agus úsáid á baint as cóid iomchuí an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh Staidrimh ar Shoithí Iascaireachta de réir Cineálacha Soithí [20] );

(g) fad agus cineál an fhaid (e.g. fad an tsoithigh arna ghlacadh thar gach foirceann (LOA), an fad idir na hingir thosaigh agus dheiridh (LBP) arna dtomhas feadh ualachlíne an tsamhraidh;

(h) ainm agus seoladh an oibreora (an bhainisteora) nó na n-oibreoirí (na mbainisteoirí)) (más ann dóibh);

[19] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

[20] FAO. 2020. Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe - Meitheal Comhordaithe um Staidreamh Iascaigh. In: Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe [ar líne]. An Róimh. https://www.fao.org/cwp-on-fishery-statistics/handbook/capture-fisheries-statistics/fishery-fleet/en/

(i) cineál modha nó modhanna iascaireachta (agus úsáid á baint as cóid iomchuí an Aicmithe Idirnáisiúnta Chaighdeánaigh Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta[21]);

(j) olltonnáiste (GT);

(k) cumhacht an phríomhinnill nó cumhacht na bpríomhinneall (kw);

(l) toilleadh na mbolg lasta éisc (méadair chiúbacha);

(m) an cineál reoiteora (más infheidhme);

(n) an líon aonad le haghaidh reo (más infheidhme);

(o) acmhainn reo (más infheidhme);

(p) cineálacha agus uimhreacha cumarsáide an tsoithigh (e.g. uimhreacha Satailíte Idirnáisiúnta Muirí/Mara (INMARSAT) A, B agus C agus Uimhreacha Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT));

(q) líníochtaí deimhnithe nó tuairisc dheimhnithe ar gach bolg lasta éisc;

(r) na sonraí seo a leanas maidir leis an gcumarsáidí suímh uathoibríoch:

  (i) samhail agus branda;

  (ii) aitheantóir uathúil an chumarsáidí suímh uathoibríoch;

  (iii) soláthraí seirbhíse (e.g. INMARSAT/IRIDIUM/ARGOS);

(s) íomhánna digiteacha ardcháilíochta ardtaifigh den soitheach, a bhfuil gile agus codarsnacht iomchuí acu, nach bhfuil níos sine ná 5 bliana d'aois: íomhá dhigiteach amháin ar a dtaispeántar deasbhord an tsoithigh, ar a léirítear a fad foriomlán agus a gnéithe struchtúracha uile ina n-iomláine; íomhá dhigiteach amháin ar a dtaispeántar clébhord an tsoithigh, ar a léirítear a fad foriomlán agus a gnéithe struchtúracha uile ina n-iomláine; agus íomhá dhigiteach amháin den deireadh a glacadh díreach ón taobh thiar.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar cothrom le dáta na sonraí dá dtagraítear i mír 2 maidir leis na soithí atá faoina mbratach atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún aon mhodhnú a dhéantar ar shonraí an tsoithigh, lena n-áirítear stádas údarúcháin i dtaobh na soithí iascaireachta atá ann faoi láthair agus i dtaobh aon soithí nua a áirítear ar an liosta, agus is laistigh de 10 lá tar éis aon mhodhnú den sórt sin a dhéanamh a chuirfear sin in iúl.

*Airteagal 5*

**Oibleagáidí ar Bhallstáit a eisíonn údaruithe iascaireachta**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh toirmeasc ó thaobh gabháil d'iascaireacht a dhéanamh ar acmhainní iascaigh a chumhdaítear leis an gComhaontú, ar shoithí nach bhfuil ar an Taifead.

2. Cuirfidh na Ballstáit aon fhianaise in iúl don Choimisiún lena léireofar go bhfuil forais réasúnacha ann chun bheith den tuairim go bhfuil soithí nach bhfuil ar an Taifead ag oibriú sa Limistéar.

[21] https://openknowledge.fao.org/items/4de1cb7a-34e3-4645-ae94-0cfc3ef4ad70

3. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh siad údarú do na soithí atá faoina mbratach a bheith ag oibriú sa Limistéar sa chás go bhfuil na soithí sin in ann na ceanglais agus na freagrachtaí faoin Rialachán seo, faoin gComhaontú agus faoi Rialachán (AE) 2017/2403 a chomhlíonadh, agus sa chás sin amháin;

(b) déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na soithí atá faoina mbratach an Rialachán seo, an Comhaontú agus Rialachán (AE) 2017/2403;

(c) déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú, maidir leis na soithí atá faoina mbratach, atá ar an Taifead, go gcoinneofar deimhnithe bailí ar bord i dtaca le clárú soithí agus i dtaca le húdarú chun iascaireacht a dhéanamh;

(d) áiritheoidh siad, maidir leis na soithí atá faoina mbratach, atá ar an Taifead, nach bhfuil taifead stairiúil ann ar iad a bheith i mbun iascaireacht NNN, nó, más ann do thaifead stairiúil den sórt sin ina leith siúd, go bhfuil fianaise leordhóthanach tugtha ag an húinéirí nua lena léirítear nach bhfuil aon leas dlíthiúil, tairbhiúil ná airgeadais ag úinéirí agus oibreoirí a bhí ann roimhe i dtaca leis na soithí sin, ná aon smacht acu orthu, nó lena léirítear, tar éis do na húinéirí nua na fíorais ábhartha uile a chur san áireamh, nach bhfuil a gcuid soithí ag gabháil d'iascaireacht NNN ná bainteach léi;

(e) áiritheoidh siad, a mhéid is féidir, nach mbeidh úinéirí agus oibreoirí na soithí atá faoina mbratach, atá ar an Taifead, ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí sa Limistéar, nó bainteach leis na gníomhaíochtaí sin, ar soithí iad nach bhfuil ar an Taifead;

(f) déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú, a mhéid is féidir, gur saoránaigh, cónaitheoirí nó eintitis dhlítheanacha laistigh dá ndlínse iad úinéirí agus/nó oibreoirí na soithí atá faoina mbratach, atá ar an Taifead, ionas gur féidir aon ghníomhaíocht forfheidhmithe nó phionósach a thabhairt in aghaidh na n-oibreoirí agus/nó na n-úinéirí sin go héifeachtach.

# Caibidil 2
# Iascaireacht ghrinnill

*Airteagal 6*

**Teorainneacha ar iarrachtaí agus údarú iascaireachta grinnill**

1. Cuirfidh na Ballstáit teorainn leis an iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil a dhéanann soithí atá faoina mbratach a bhíonn ag iascaireacht sa Limistéar agus is í an teorainn a bheidh ann leibhéal bliantúil meánach na tréimhse ionadaí a raibh siad gníomhach lena linn, mar a shonraítear sna deiseanna iascaireachta agus mar a chuireann an Coimisiún in iúl do SIOFA ó am go chéile.

2. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'iascaireacht ghrinnill sa Limistéar an méid seo a leanas:

(a) modhanna dorú láimhe agus modhanna spiléir grinnill amháin a úsáidfidh siad;

(b) ní bheidh drochthionchair mhóra acu ar éiceachórais mhuirí leochaileacha agus, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh siad BFIA an Aontais san áireamh

chomh maith le haon limistéar a n-aithnítear ina leith go bhfuil éiceachórais mhuirí leochaileacha ann nó gur dócha go dtarlóidh siad iontu;

(c) ní dhéanfaidh siad aon iascaireacht i limistéir atá iata don iascaireacht ná ní ghabhfaidh siad do ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa Limistéar nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais an Airteagail seo;

(d) ní rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa Limistéar lasmuigh de Lorg Iascaireachta Grinnill SIOFA nó laistigh de Lorg Iascaireachta Grinnill SIOFA le cineál trealaimh nó teicníc ar leith nár úsáideadh roimhe sin san iascach sin sa limistéar sin, ach amháin i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin údaraithe ag Cruinniú na bPáirtithe in SIOFA de bhun CMM 17, arna leasú ó am go ham, agus go ndéantar iad i gcomhréir le hAirteagal 8.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar mian leo gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a dhéanamh sa Limistéar, ar gníomhaíochtaí iad nach bhfuil i gcomhréir le ceanglais mhíreanna 1 agus 2, cuirfidh siad iarraidh ar údarú faoi bhráid a mBallstáit brataí. Cuirfidh an Ballstát brataí an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin 45 lá ar a laghad roimh ghnáthchruinniú Choiste Eolaíochta SIOFA ag ar mian leo go mbreithneofaí an iarraidh.

4. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA ar a laghad 30 lá roimh ghnáthchruinniú Choiste Eolaíochta SIOFA. Áireofar an méid seo a leanas san iarraidh:

(a) measúnú ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta a bheartaítear;

(b) aon bhearta atá beartaithe chun an tionchar a luaitear faoi phointe (a) a mhaolú;

(c) aon fhaisnéis eile de réir mar a éilíonn Coiste Eolaíochta SIOFA í chun go ndéanfaidh sé a mheasúnú.

(d) I gcás ina bhfuil Ballstát ag féachaint lena shoitheach a údarú chun iascaireacht a dhéanamh in iascach nua taiscéalaíoch, plean oibríochta iascaigh don séasúr iascaireachta nó do na séasúir iascaireachta lena mbaineann lena athbhreithniú agus lena fhormhuiniú ag Coiste Eolaíochta SIOFA agus arna fhorbairt i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 17 arna leasú ó am go ham.

5. Leis an measúnú i mír 4, pointe (a), déanfar an méid seo a leanas:

(a) ullmhófar é, a mhéid is féidir, i gcomhréir le Treoirlínte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) le haghaidh Bainistíocht ar Iascach Domhainmhara ar an Mórmhuir;

(b) comhlíonfar caighdeáin BFIAS SIOFA leis;

(c) cuirfear san áireamh ann na limistéir a sainaithníodh sa limistéar a ndéanfar iascaireacht ann a n-aithnítear ina leith go bhfuil éiceachórais mhuirí leochaileacha iontu nó gur dócha go dtarlóidh siad iontu;

(d) cuirfear san áireamh ann BFIA de chuid an Aontais;

(e) tabharfar cothrom le dáta é nuair a bheidh athrú suntasach tagtha ar an iascach, sa chaoi is gur dócha go bhféadfadh an riosca don iascach nó an tionchar air a bheith athraithe;

(f) déanfar measúnú ann, a mhéid is féidir, ar thionchar carnach, idir stairiúil agus réamh-mheasta, na gníomhaíochta iascaireachta grinnill uile sa Limistéar, más infheidhme;

(g) tabharfar aghaidh ann ar cibé an mbainfear amach cuspóir an Chomhaontuithe leis na gníomhaíochtaí a bheartaítear, agus an cuspóir bainistíocht inbhuanaithe acmhainní iascaigh domhainmhara sa Limistéar a chur chun cinn, lena n-áirítear stoic éisc spriocdhírithe agus speicis neamh-spriocdhírithe, agus cosaint an éiceachórais mhuirí á háirithiú lena n-áirítear drochthionchair shuntasacha ar éiceachórais mhuirí leochaileacha;

(h) cuirfear ar fáil go poiblí é ar shuíomh gréasáin SIOFA, a luaithe a chinnfidh an Coiste Eolaíoch go gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear i bpointe (a) go pointe (g).

6. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ábhartha ar an eolas faoi chinneadh Chruinniú na bPáirtithe maidir le húdarú chun iascaireacht ghrinnill a dhéanamh sa Limistéar tar éis aon iarraidh faoi mhír 4. Más infheidhme, leagfaidh an Coimisiún amach a mhéid atá aon iascaireacht ghrinnill údaraithe agus aon bheart nó coinníoll a bhfuil feidhm acu chun a áirithiú go bhfuil aon ghníomhaíocht údaraithe comhsheasmhach leis na cuspóirí i mír 5, pointe (g).

*Airteagal 7*

**Iamh iascaigh Bheantaigh**

1. Ní rachaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i mbun iascaireacht ghrinnill laistigh de na limistéir iaimh iascaigh Bheantaigh a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II.

2. Ní rachaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i mbun iascaireacht ghrinnill laistigh de na limistéir iaimh iascaigh Bheantaigh a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II ach amháin má tá lorg spiléir grinnill ag Ballstát laistigh de na limistéir sin cheana.

3. I gcás soithí iascaireachta a gceadaítear dóibh iascaireacht a dhéanamh i limistéar iaimh iascaigh Bheantaigh i dTábla 1 nó 2, ba cheart sonraí gabhála agus iarrachta a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 41 agus go bliantúil sa tuarascáil náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 42 agus iad imdhealaithe de réir limistéir.

*Airteagal 8*

**Iascach nua taiscéalaíoch**

1. Ní bheidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais rannpháirteach in iascach nua ná taiscéalaíoch gan formheas a fháil roimh ré ó Chruinniú na bPáirtithe in SIOFA, arna fháil i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 2 go 4.

2. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar mian leo dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta nua agus taiscéalaíocha sa Limistéar, cuirfidh siad iarraidh ar údarú faoi bhráid a mBallstáit brataí. Cuirfidh an Ballstát brataí an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 50 lá roimh ghnáthchruinniú Choiste Eolaíochta SIOFA ag ar mian leo go mbreithneofaí an iarraidh.

3. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA tráth nach déanaí ná 35 lá roimh ghnáthchruinniú Choiste Eolaíochta SIOFA. Cuimseofar san

iarraidh plean oibríochtaí iascaigh don séasúr/do na séasúir iascaireachta lena mbaineann a mbeidh Plean um Bailiú agus Anailísiú Sonraí ag gabháil leis agus a fhorbrófar i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 17 arna leasú ó am go ham.

4. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ábhartha ar an eolas faoin gcinneadh ó Chruinniú na bPáirtithe maidir leis an údarú chun dul i mbun iascach nua taiscéalaíoch sa Limistéar tar éis aon iarraidh faoi mhír 2, lena n-áirítear, más infheidhme, a mhéid a údaraítear aon iascaireacht nua thaiscéalaíoch.

5. Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'iascach nua taiscéalaíoch atá údaraithe ag Cruinniú na bPáirtithe SIOFA, déanfaidh sí an méid seo a leanas:

(a) ní ghlacfaidh sí páirt in iascach nua taiscéalaíoch ach amháin i gcomhréir leis an bplean oibríochtaí iascaigh arna athbhreithniú ag Coiste Eolaíochta SIOFA agus arna fhormheas ag Cruinniú na bPáirtithe SIOFA;

(b) breathnóir eolaíoch amháin nó níos mó a bheith ar bord aici ar feadh thréimhse na gníomhaíochta chun sonraí a bhailiú i gcomhréir leis an bPlean um Bailiú agus Anailísiú Sonraí agus chun cuidiú le sonraí bitheolaíocha agus sonraí ábhartha eile a bhailiú, de réir mar is iomchuí;

(c) sonraí a éilítear leis an bPlean um Bailiú agus Anailísiú Sonraí a ghabhann leis an bplean oibríochtaí iascaigh a sholáthar d'údarás inniúil a mBallstát brataí. Soláthróidh an Ballstát na sonraí sin don Choimisiún. Seolfaidh an Coimisiún na sonraí sin chuig Coiste Eolaíochta SIOFA.

6. Tá toirmeasc ar na Ballstáit a bhfuil a soithí rannpháirteach in iascach nua taiscéalaíoch páirt a ghlacadh san iascach sin murar cuireadh na sonraí dá dtagraítear sa Phlean um Bailiú agus Anailísiú Sonraí faoi bhráid an Choiste Eolaíoch le haghaidh an tséasúir is déanaí inar tharla an iascaireacht. Beidh an toirmeasc sin i bhfeidhm go dtí go gcuirfear na sonraí ábhartha faoi bhráid an Choiste Eolaíoch agus go mbeidh an deis ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí sin.

7. De mhaolú ar mhír 1, tá na Ballstáit i dteideal rannpháirtíocht in iascach nua taiscéalaíoch a údarú do shoitheach atá faoina mbratach agus nach bhfuil sainaitheanta sa phlean oibríochtaí iascaigh. Ceadaítear é sin má choisctear ar an soitheach a shonraítear sa phlean oibríochtaí iascaigh iascaireacht a dhéanamh de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó *force majeure* agus más soitheach ionaid í an soitheach sin a mholtar de bhun na míre seo. Sna himthosca sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir agus soláthróidh sé an méid seo a leanas:

(a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) ionaid atá beartaithe;

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna atá leis an ionadú agus aon fhianaise thacaíochta;

(c) sonraíochtaí agus tuairisc iomlán faoi na cineálacha trealaimh iascaireachta atá le húsáid ag an soitheach ionaid.

8. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht SIOFA ar an eolas a luaithe is féidir, agus cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 7, pointe (a) go mír 7, pointe (c) isteach.

*Airteagal 9*

**Éiceachórais mhuirí leochaileacha a chosaint**

1. Cuirfidh soithí an Aontais a dhéanann iascaireacht ghrinnill le doruithe láimhe agus spiléir ghrinnill leibhéil tairsí i bhfeidhm le haghaidh teagmhálacha le héiceachórais mhuirí leochaileacha agus is éard a bheidh sa leibhéal tairsí sin gabháil/aisghabháil 10 gcinn nó níos mó d'aonaid táscaire éiceachóras muirí leochaileach de speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn III i mírlíne shingil.

2. I gcás ina dtiocfar ar fhianaise ar éiceachóras muirí leochaileach atá os cionn an leibhéil tairsí a leagtar síos i mír 1 le linn oibríochtaí iascaireachta, scoirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais de ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill a luaithe is féidir laistigh de gha aon mhuirmhíle amháin ó lárphointe na mírlíne, arb é atá inti roinn ina bhfuil 1 000 duán nó roinn 1 200 méadar, cibé acu is giorra.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon teagmháil le héiceachóras muirí leochaileach a luaithe is féidir i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 01, arna leasú ó am go ham, agus in Airteagal 42 ina dtuarascáil náisiúnta chuig an gCoiste Eolaíoch. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin isteach mar chuid den tuarascáil náisiúnta a chuirtear faoi bhráid an Choiste Eolaíochta.

4. Ní rachaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i mbun iascaireacht ghrinnill sa limistéar a shonraítear i mír 3 ar tugadh fógra faoi theagmháil ina leith ach amháin má cheadaítear, agus go dtí go gceadaítear, dul i mbun iascaireacht ghrinnill an athuair i limistéar na teagmhála.

5. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht le spiléir ghrinnill i ndoimhneachtaí is éadoimhne ná 500 méadar.

*Airteagal 10*

**Cumhdach breathnóirí eolaíocha**

1. In aon bhliain iascaireachta amháin is duine nó daoine a dhéanfaidh 20 faoin gcéad den chumhdach breathnóirí eolaíocha ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'iascaireacht ghrinnill a dhéanamh le doruithe láimhe agus spiléir ghrinnill, agus sloinnfear sin mar chéatadán d'uimhir iomlán na nduán breathnaithe nó mar laethanta.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a eisiúint chun clár breathnóra leictreonach a thabhairt isteach.

*Airteagal 11*

**Iascach déadéisc i limistéir Del Cano Rise, Williams Ridge agus South Indian Ridge**

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht le spiléir ghrinnill, féadfaidh siad iascaireacht déadéisc a dhéanamh i limistéir Del Cano Rise, Williams Ridge agus South Indian Ridge ar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) déantar na hoibríochtaí iascaireachta le linn an tséasúir iascaireachta arb í an tréimhse ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain, an dá dháta san áireamh;

   (b) tuairiscítear sonraí CFS go huathoibríoch dá Lárionad Faireacháin Iascaigh (LFI) gach uair an chloig ar a laghad nuair a bhíonn siad i láthair i gceann de na limistéir;

   (c) tá breathnóir eolaíoch amháin in aghaidh gach soithigh ar a laghad ar bord le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta uile. Is é an sprioc a bheidh ag an

mbreathnóir breathnú ar 25 % de na duáin a tharlaítear in aghaidh na líne le linn na hiascaireachta;

(d) déanfar eiseamail déadéisc a chlibeáil agus a scaoileadh de réir ráta cúig iasc ar a laghad in aghaidh an tonna de bheomheáchan iomlán a ghabhtar. A luaithe a ghabhfar 30 eiseamal déadéisc nó níos mó, beidh feidhm ag staidreamh forluí íosta 60 % ar a laghad, agus 80 % le bheith ina sprioc, le haghaidh scaoileadh clibeála;

(e) ní rachaidh soithí thar 6 250 duán in aghaidh na líne;

(f) socróidh gach soitheach spiléir 3 mhuirmhíle ar a laghad, arna dtomhas ón lárphointe, ó aon spiléar eile a shocraigh an soitheach céanna roimhe sin le linn an turais iascaireachta leanúnaigh;

(g) cuirtear Rúnaíocht SIOFA ar an eolas go laethúil maidir le pointí tosaigh agus deiridh spiléir shocraithe, agus úsáid á baint as an teimpléad in Iarscríbhinn IV;

(h) socrófar línte ag doimhneachtaí ar mó iad ná 500 méadar.

2. Chun an dóchúlacht go dtarlóidh creachadh a laghdú, moltar do shoithí gan spiléir a tharlú más ann do chránacha dubha (*Orcinus orca*) agus míolta móra fiaclacha (*Odontoceti*). Má thagann cránacha dubha i láthair le linn oibríochtaí tarlaithe, moltar do na soithí scor de tharlú a dhéanamh, an spiléar a cheangal de bhaoi, agus limistéar na hoibríochta a fhágáil. Ní féidir leis na soithí an líne a ceanglaíodh a fháil ar ais ach amháin nuair nach mbeidh na cráin dhubha gar don líne a thuilleadh. Moltar do shoithí freisin línte a shocrú ag doimhneachtaí ar doimhne iad ná 1 000 m.

3. Ní fhéadfaidh gabháil déadéisc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuil an speiceas sin ina sprioc acu a bheith níos mó ná 0,5 tonna déadéisc in aghaidh an tséasúir. Má shroicheann soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá ag iascaireacht speiceas seachas déadéisc an teorainn 0,5 tona le haghaidh déadéisc i gceann de na limistéir, iafar an limistéar sin do na soithí sin le haghaidh na tréimhse a leagtar amach i mír 1, pointe (a).

# Caibidil 3
# Speicis mhuirí a chosaint

*Airteagal 12*

**Sruthlíonta peiligeacha ar mhórscála agus eangacha geolbhaigh domhainmhara**

Tá toirmeasc ar úsáid sruthlíonta peiligeacha ar mhórscála agus eangacha geolbhaigh domhainmhara sa Limistéar.

*Airteagal 13*

**Siorcanna domhainmhara**

1. Ní bheidh aon speiceas de shiorcanna domhainmhara a liostaítear in Iarscríbhinn V ina sprioc ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais.

2. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar thuarascálacha sonraí go dtí an leibhéal tacsanomaíoch is ísle is féidir le haghaidh na siorcanna domhainmhara uile agus cuirfidh siad isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VI iad.

3. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann nó a bhfuil rún acu iascaireacht ghrinnill a dhéanamh sa Limistéar, úsáidfidh siad Treoir Sainaitheantais FAO maidir le héisc dhomhainfharraige loingeánacha an Aigéin Indiaigh ar bord[22].

*Airteagal 14*

**Éanlaith mhara**

1. Cuirfidh aon soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn 25° ó dheas na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm:

(a) déanfar faisnéis faoi éin a bhuaileann an soitheach nó a ghabhtar lena trealaimh a thaifeadadh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII ;

(b) i gcás inar féidir, éin a ghabhtar beo le linn oibríochtaí iascaireachta, scaoilfear saor beo iad agus, i gcás spiléireachta, bainfear duáin gan beatha an éin lena mbaineann a chur i mbaol.

2. soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht 25° ó dheas le spiléir ghrinnill, cuirfidh siad na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm freisin:

(a) aon soitheach a ghabhfaidh iomlán de thrí éan mara in aon séasúr amháin, athróidh sé láithreach chuig socrú oíche amháin (i.e. gan socrú a dhéanamh ach amháin le linn uaireanta an dorchadais idir amanna breacsholais mhuirí);

(b) moltar do shoithí línte bána a úsáid chun a n-infheictheacht a mhéadú, rud a laghdaíonn foghabhálacha éan;

(c) ní dhéanfar scairteach ná ábhar muirí aischurtha a sceitheadh díreach sula ndéanfar trealamh iascaireachta a chur in úsáid nó a aisghabháil nó lena linn;

(d) déanfar an soilsiú a shuíomh agus déanfar leibhéal an tsoilsithe a choigeartú chun solas dírithe amach ón soitheach a íoslaghdú, i gcomhréir le hoibriú sábháilte an tsoithigh agus le sábháilteacht an chriú.

3. De bhreis ar mhír 2, cuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 25 mhéadar nó níos mó i mbun iascaireachta 25° ó dheas le spiléir ghrinnill na bearta maolaithe breise seo a leanas i bhfeidhm:

(a) cuirfear líne amháin scanraithe éan ar a laghad in úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII nuair a shocrófar na spiléir, agus úsáidfear gaireas eisiaimh éan amháin ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn IX chun bac a chur ar theacht isteach éan sa limistéar tarlaithe, a mhéid is féidir, ag brath ar an aimsir ag an am;

(b) soithí iascaireachta a úsáideann córais líne uathoibríche, cuirfidh siad meáchain le líne an duáin nó úsáidfidh siad línte duáin comhtháite (IW) le linn dóibh spiléir a úsáid. Moltar go mbeadh íosmhéid 50 gram in aghaidh an mhéadair ag spiléir chomhtháite, nó go mbeadh meáchain 5 chileagram ceangailte le spiléir neamh-chomhtháite ag eatraimh 50 go 60 méadar;

(c) soithí iascaireachta a úsáideann modh iascaireachta spiléir na Spáinne, scaoilfidh siad meáchain sula dtarlóidh teannas líne; úsáidfear meáchain thraidisiúnta (de dhéantús carraigeacha nó coincréite) a mbeidh mais 8,5

[22] Ebert, D.A. agus Mostarda, E. 2013. Treoir Sainaitheantais maidir le héisc loingeánacha dhomhainfharraige an Aigéin Indiaigh. Clár FishFinder, FAO, an Róimh. 76 pp http://www.fao.org/documents/card/en/c/42d8a473-21d8-48cd-83d7-9b7be0b1797f

cileagram ar a laghad acu, agus spásanna ag eatraimh nach mó ná 40 méadar eatarthu, nó úsáidfear meáchain thraidisiúnta 6 chileagram ar a laghad, agus spásanna ag eatraimh nach mó ná 20 méadar eatarthu, nó úsáidfear meáchain de chruach sholadach 5 chileagram ar a laghad, agus spásanna ag eatraimh nach mó ná 40 méadar eatarthu;

(d) soithí iascaireachta a úsáideann córas na líne trálaeireachta go heisiach (seachas meascán de línte trálaeireachta agus an córas Spáinneach laistigh den spiléar céanna) ní úsáidfidh siad meáchain ach amháin ag ceann aimhneasach na dtrilsíní sa líne trálaeireachta. Meáchain thraidisiúnta a bheidh sna meáchain agus 6 chileagram ar a laghad iontu, nó meáchain de chruach sholadach agus 5 chileagram iontu;

(e) i gcás soithí iascaireachta a bhíonn ag malartú idir úsáid chóras na Spáinne agus modh trálaeireachta:

(i) i gcás chóras na Spáinne, comhlíonfaidh líne-ualú na forálacha i mír 4, pointe (c);

(ii) i gcás mhodh na líne trálaeireachta, is éard a bheidh sa líne-ualú meáchain thraidisiúnta 8.5 cileagram nó meáchain chruach 5 chileagram atá ceangailte de cheann duáin na dtrilsíní uile sa líne trálaeireachta ag eatraimh nach mó ná 80 méadar.

4. De bhreis ar mhír 2, cuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá níos lú ná 25 mhéadar a bhíonn ag iascaireacht le spiléir ghrinnill ó dheas de 25° ó dheas ceann amháin ar a laghad de na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm freisin:

(a) cuirfear líne amháin scanraithe éan ar a laghad in úsáid i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII nuair a shocrófar na spiléir, agus úsáidfear gaireas eisiaimh éan amháin ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn IX chun bac a chur ar theacht isteach éan sa limistéar tarlaithe, a mhéid is féidir, ag brath ar an aimsir ag an am;

(b) soithí iascaireachta a úsáideann córais líne uathoibríche, cuirfidh siad meáchain le líne an duáin nó úsáidfidh siad línte duáin comhtháite (IW) le linn dóibh spiléir a úsáid. spiléir chomhtháite a bhfuil ar a laghad 50 gram in aghaidh an mhéadair nó spiléir neamh-chomhtháite a bhfuil meáchain 5 chileagram iontu ceangailte ag eatraimh 50 go 60 méadar;

(c) is istoíche amháin a shocrófar na línte (i.e. le linn uaireanta an dorchadais idir amanna breacsholais mhuirí). Tá amanna cruinne breacsholais mhuirí leagtha amach i dtáblaí an Almanaig Loingseoireachta le haghaidh an domhanleithid ábhartha, an ama áitiúil agus an dáta.

5. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bheidh ag iascaireacht le spiléir pheiligeacha ó dheas ó 25° ó Dheas, úsáidfidh siad dhá cheann ar a laghad de na trí bheart maolaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X.

6. Moltar do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht ó dheas ó 25° ó Dheas le trealamh seachas spiléir bearta maolaithe breise a chur i bhfeidhm maidir le dea-chleachtais an Chomhaontaithe maidir le Caomhnú Albatras agus Guairdeall (e.g. Comhairle Dea-Chleachtais maidir le Tionchar Iascaigh Tráil Peiligeach agus Tráil Grinnill ar Éanlaithe Mara a Laghdú[23]), cleachtais eile a

[23] https://www.acap.aq/bycatch-mitigation/mitigation-advice

chuirtear chun feidhme sa Limistéar nó timpeall air, nó na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, go háirithe nuair a bhíonn idirghníomhaíochtaí idir éanlaith mhara sách ard agus mar a mbíonn siad sách ard.

# Caibidil 4
# Bearta faireacháin agus rialaithe

*Airteagal 15*

**Córas um Fhaireachán Soithí (CFS)**

1. Ní rachaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais isteach sa Limistéar gan gaireas rianaithe satailíte CFS.

2. Gan dochar d'Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ón gCoimisiún, áiritheoidh na Ballstáit, i gcás teip theicniúil a bheith ann, nó i gcás nach n-oibríonn an gaireas rianaithe satailíte atá feistithe ar bord soithigh atá faoina mbratach, go ndeiseofar an gaireas nó go n-athsholáthrófar é laistigh de mhí amháin tar éis na teipe teicniúla nó an neamh-oibrithe.

3. Más mhaireann an t-aistear níos faide ná mí amháin, déanfar an deisiúchán nó an t-athchur a luaithe agus is indéanta tar éis don soitheach dul isteach i gcalafort. Mura ndeiseofar nó mura n-athsholáthrófar an gaireas rianaithe satailíte laistigh de 90 lá tar éis teip theicniúil nó neamh-oibriú teicniúil, ordóidh an Ballstát brataí don soitheach scor d'iascaireacht a dhéanamh, an trealamh iascaireachta uile a stuáil agus filleadh ar an gcalafort láithreach chun deisiúcháin a dhéanamh.

4. Gan dochar d'Airteagal 11(1), pointe (b), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach ceann dá soithí tuarascálacha suímh CFS a thuairisciú go huathoibríoch agus iad ag oibriú sa Limistéar uair amháin gach 2 uair an chloig ar a laghad in imthosca eile. Cuimseofar i dtuarascálacha suímh CFS na sonraí seo a leanas ar a laghad, a mheasfar a bheith rúnda (i.e. sonraí nach sonraí fearainn phoiblí iad):

   (a) aitheantóir uathúil soithigh an tsoithigh iascaireachta[24];

   (b) suíomh geografach reatha an tsoithigh (domhanleithead agus domhanfhad)

   (c) an dáta agus an t-am (AUL) a socraíodh suíomh an tsoithigh;

   (d) luas an tsoithigh;

   (e) cúrsa an tsoithigh.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a LFInna tuarascálacha suímh CFS maidir le soithí atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht sa Limistéar a thuairisciú go huathoibríoch agus go leanúnach do Rúnaíocht SIOFA. Déanfar tuarascálacha suímh CFS a sheolfar chuig CFS SIOFA trí LFI na mBallstát a tharchur trí úsáid a bhaint as an gciseal iompair FLUX agus as an bhformáid sonraí in Iarscríbhinn XII.

*Airteagal 16*

**Tuarascálacha ar dhul isteach agus dul amach**

---

[24] Is éard a bheidh san aitheantóir uathúil soithigh aitheantóir uathúil an chumarsáidí suímh uathoibríche nó, i gcás soithí a thuairiscíonn do CFS SIOFA trína LFI, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh (IRCS) nó uimhir Eagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) an tsoithigh.

Soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sa Limistéar, tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht SIOFA faoi gach dul isteach sa Limistéar nó imeacht as, trí fhógra sonrach maidir le dul isteach agus imeacht trí bhíthin tuairisciú CFS, i gcomhréir le hAirteagal 15(5).

*Airteagal 17*

**Doiciméid agus marcáil soithí iascaireachta**

1. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

   (a) doiciméid bhailí i dtaca le húdarú iascaireachta a iompar ar bord arna n-eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit brataí i gcomhréir le hAirteagal 4(1), agus doiciméid bhailí, arna n-eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit bratraí, ina mbeidh an fhaisnéis cothrom le dáta a liostaítear in Airteagal 4(2);

   (b) beidh siad marcáilte sa chaoi gur féidir iad a shainaithint go héasca agus, i gcás inarb indéanta, a bheith marcáilte le caighdeáin idirnáisiúnta a nglactar leo i gcoitinne, amhail Sonraíocht Chaighdeánach FAO le haghaidh Marcáil agus Sainaithint Soithí Iascaireachta, mar atá ina cheanglas de chuid Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) 2025/2196 ón gCoimisiún;

   (c) a dtrealamh feistithe a mharcáil, mar atá ina cheanglas de chuid Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) 2025/2196 ón gCoimisiún:

      (i) bíonn cinn na n-eangach, na línte agus an trealamh atá daingnithe ar ghrinneall na farraige feistithe le baoithe bratraí nó baoithe frithchaiteora radair le linn an lae, agus le baoithe solais le linn na hoíche atá leordhóthanach chun a suíomh agus a méid a chur in iúl. Beidh soilse den sórt sin infheicthe ag fad dhá mhuirmhíle ar a laghad le hinfheictheacht mhaith;

      (ii) beidh baoithe marcála agus nithe comhchosúla atá ag snámhaíl ar an dromchla agus a mbeartaítear suíomh agus/nó tionscnamh trealaimh iascaireachta seasta a chur in iúl leo, agus, i gcás inar féidir, an trealamh féin, marcáilte go soiléir le hainm an tsoithigh agus lena comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin bhfaisnéis faoi mharcáil an trealaimh sheasta a úsáideann soithí atá faoina mbratach a luaithe is féidir. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SIOFA.

*Airteagal 18*

**Trealamh iascaireachta a tréigeadh, a cailleadh nó a díobhadh ar bhealach eile a fháil ar ais**

1. Ní thréigfidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais trealamh iascaireachta d'aon ghnó ná ní dhíobhaidh siad é ar aon bhealach eile, ach amháin ar mhaithe le sábháilteacht, go háirithe má tá siad i gcruachás agus/nó má tá beatha duine i mbaol.

2. Le linn dóibh fógra a thabhairt dá n-údarás inniúil faoi Airteagal 48(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, soláthróidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais an fhaisnéis seo a leanas:

(a) ainm, uimhir IMO agus glao-chomhartha an tsoithigh;

(b) cineál an trealaimh a tréigeadh, a cailleadh nó a díobhadh ar bhealach eile;

(c) cainníocht an trealaimh a tréigeadh, a cailleadh nó a díobhadh ar bhealach eile;

(d) an t-am a tréigeadh nó a cailleadh an trealamh nó a díobhadh ar bhealach eile é (i gcomhréir le hIarscríbhinn VI);

(e) an suíomh (domhanfhad/domhanleithead) inar tréigeadh nó ina cailleadh an trealamh nó inar díobhadh ar bhealach eile é (i gcomhréir le hIarscríbhinn VI);

(f) bearta a rinne an soitheach chun an trealamh a fháil ar ais;

(g) na cúinsí a raibh tréigean nó cailleadh an trealaimh nó díobhadh an trealaimh ar bhealach eile mar thoradh orthu, más eol dóibh iad.

3. Tar éis aon trealamh iascaireachta a tréigeadh, a cailleadh nó a díobhadh ar bhealach eile a fháil ar ais, cuirfidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais fógra chuig a n-údarás inniúil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ainm, uimhir IMO agus glao-chomhartha an tsoithigh a fuair an trealamh ar ais;

(b) ainm, uimhir IMO agus glao-chomhartha an tsoithigh a thréig nó a chaill an trealamh ar bhealach eile (más eol iad);

(c) an cineál trealaimh a fuarthas ar ais;

(d) an méid trealaimh a fuarthas ar ais;

(e) an t-am a fuarthas an trealamh ar ais (i gcomhréir le hIarscríbhinn VI);

(f) an suíomh (domhanfhad/domhanleithead) ina bhfuarthas an trealamh ar ais (i gcomhréir le hIarscríbhinn VI);

(g) grianghraif den trealamh a fuarthas ar ais (más féidir).

4. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a luaithe is féidir.

5. Seolfaidh an Coimisiún an fógra chuig Rúnaíocht SIOFA a luaithe is féidir.

*Airteagal 19*

**Plaistigh a dhiúscairt**

1. Tá toirmeasc ar shoithí an Aontais gach plaisteach a sceitheadh isteach san fharraige, lena n-áirítear rópaí sintéiseacha, eangacha iascaireachta sintéiseacha, málaí dramhaíola plaisteacha agus luaithreach loisceora ó tháirgí plaisteacha, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Déanfar na plaistigh uile ar bord an tsoithigh a stóráil go dtí gur féidir iad a dhiúscairt ag saoráidí oiriúnacha glactha i gcalafort.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) diúscairt plaisteach ó shoitheach i gcás inár riachtanach í chun críche sábháilteacht loinge agus na ndaoine ar bord a dhaingniú nó chun críche beatha duine a shábháil ar muir;

(b) cailliúint plaisteach, téad agus eangach iascaireachta sintéiseach de thubaiste ó shoitheach ar choinníoll gur glacadh réamhchúraimí réasúnacha chun cailliúint den sórt sin a chosc.

*Airteagal 20*

**Trasloingsithe agus aistrithe ar muir**

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais trasloingsiú acmhainní iascaigh ar muir ach amháin le soithí eile a áirítear sa Taifead.

2. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais acmhainní iascaigh a thrasloingsiú ar muir ach amháin má tá údarú roimh ré faighte acu óna n-údarás inniúil.

3. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann do thrasloingsiú ar muir mar a shonraítear i mír 1 an méid seo a leanas:

(a) staonadh ó thrasloingsithe acmhainní iascaigh ar muir le soithí a liostaítear ar na liostaí de shoithí NNN arna dtarraingt suas ag aon eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh nó ag an gCoimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR);

(b) fógra a thabhairt d'údarás inniúil a mBallstáit brataí 7 lá ar a laghad roimh thús tréimhse 14 lá ina bhfuil sé beartaithe an trasloingsiú ar muir a dhéanamh, agus úsáid á baint as an bhFógra Trasloingsithe in Iarscríbhinn XIII;

(c) cuirfidh siad fógra chuig údarás inniúil a mBallstát brataí 24 uair an chloig ar a laghad roimh an am a measfar a tharlóidh an trasloingsiú ar muir lena linn, ag úsáid an Fhógra Trasloingsithe sin;

(d) rochtain iomlán a thabhairt don bhreathnóir ar bord ar limistéir oibríochtúla uile an tsoithigh is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear na boilg éisc, na limistéir tháirgthe, an limistéar don chriú, na heangacha nó trealamh eile, an trealamh, agus aon doiciméad a bhaineann le gabháil a choinnítear ar bord;

(e) na sonraí oibríochtúla uile a chur in iúl dá n-údarás inniúil mar a shonraítear sa Dearbhú Trasloingsithe in Iarscríbhinn XIV laistigh de 24 uair an chloig tar éis an trasloingsithe.

4. Chun críoch mhír 3, áiritheoidh na Ballstáit an méid a leanas:

(a) nach n-údarófar ná nach dtionscnófar aon trasloingsiú ar muir ach amháin i gcás ina gcomhlánófar agus go dtí go gcomhlánófar na ceanglais tuairiscithe agus na nósanna imeachta tuairiscithe i gcás cliseadh teicniúil nó cumarsáidí suímh uathoibríoch neamhoibríochtúil atá feistithe ar bord soithigh;

(b) go n-imscarfar breathnóir neamhchlaonta cáilithe ar bord gach soithigh glactha chun faireachán a dhéanamh ar an trasloingsiú;

I gcás ina n-úsáidfear faireachán leictreonach mar rogha mhalartach nó chun imscaradh breathnóirí daonna a chomhlánú, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán éifeachtach ar na gnéithe ábhartha uile;

(c) go ndéanfaidh breathnóir a shanntar dá soitheach ceartú agus taifead ar an fhaisnéis faoi gach oibríocht trasloingsithe mar a léirítear sa Bhileog Loga Trasloingsithe in Iarscríbhinn XV;

(d) go soláthróidh an breathnóir dá dtagraítear i bpointe (d) agus i bpointe (e) cóip den fhaisnéis a bailíodh mar a léirítear sa Bhileog Loga Trasloingsithe d'údarás inniúil an tsoithigh ar a mbreathnófar;

(e) go gcuirfidh a n-údarás inniúil na sonraí breathnóra dá dtagraítear i bpointe (c) faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 10 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra; go gcuirfidh an Coimisiún sonraí an bhreathnóra ar an mbileog loga trasloingsithe sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA laistigh de 15 lá tar éis a ndíbhordála;

(f) go ndéanfaidh a n-údarás inniúil na fógraí dá dtagraítear i mír 3, pointe (b) agus mír 3, pointe (c) a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de 4 lá. Cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA é laistigh de thrí lá;

(g) go dtarchuirfidh a n-údarás inniúil an Dearbhú Trasloingsithe dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), chuig an gCoimisiún laistigh de 20 lá; go gcuirfidh an Coimisiún an Dearbhú Trasloingsithe sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA laistigh de 10 lá;

(h) Féadfaidh Ballstát brataí, le comhaontú roimh ré ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'oibreoir an tsoithigh an Dearbhú Trasloingsithe dá dtagraítear i mír 3, pointe (d), a tharchur go díreach chuig Rúnaíocht SIOFA. Ansin, díreoidh oibreoir an tsoithigh aon iarraidh ar shoiléirithe ó Rúnaíocht SIOFA chuig a údarás inniúil; tarchuirfidh an t-údarás inniúil na hiarrataí sin ar shoiléiriú chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir.

5. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'oibríocht aistrithe ar muir de bhreosla, criú, trealamh nó aon soláthar eile, mar shoitheach díluchtaithe nó mar shoitheach glactha, i gcás ina raibh ceann amháin de na soithí nó an dá cheann acu bainteach le gabháil d'iascaireacht sa Limistéar le linn an aistir sin nó go mbeartaítear sin a dhéanamh, ach amháin i gcás éigeandálaí, cuirfidh siad fógra chuig a n-údaráis inniúla 24 uair an chloig ar a laghad roimh an aistriú beartaithe.

6. Áireofar sna fógraí dá dtagraítear i mír 4 an fhaisnéis atá ar fáil faoin aistriú i gcomhréir leis an bhFógra Aistrithe in Iarscríbhinn XVI.

7. Tarchuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí an fógra chuig an gCoimisiún agus cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA é a luaithe agus is féidir.

8. Tabharfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais fógra faoi shonraí oibríochtúla uile an aistrithe d'údarás inniúil a mBallstáit brataí, mar a shonraítear sa Dearbhú Aistrithe in Iarscríbhinn XVII. Tarchuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí an fógra chuig an gCoimisiún laistigh de 24 uair an chloig i ndiaidh an aistrithe agus cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh go dtí Rúnaíocht SIOFA é a luaithe agus is féidir.

9. Déanfaidh gach Ballstát brataí a bheidh bainteach le trasloingsiú nó aistriú ar muir na bearta iomchuí chun cruinneas na faisnéise a fuarthas a fhíorú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Déanfaidh na Ballstáit bhrataí bearta leantacha iomchuí freisin má thuairiscíonn breathnóir neamhréireachtaí sna sonraí arna dtuairisciú ag máistrí na soithí díluchtaithe nó glactha nó maidir le neamh-chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith ann le CMManna SIOFA. Cuimseofar sna bearta sin comhordú le Stát an Chalafoirt ina ndíluchtóidh an soitheach glactha má mheasann sé gur gá cigireacht a dhéanamh ar an díluchtú.

10. Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a fhaigheann acmhainní iascaigh ar muir ó níos mó ná soitheach díluchtaithe amháin, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) na hacmhainní iascaigh agus an doiciméadacht ghaolmhar ó gach soitheach díluchtaithe a stóráil ar leithligh, lena n-áirítear iad a stóráil trí chanbhás nó eangacha a úsáid chun acmhainní iascaigh ar bord a dheighilt agus/nó trí

lipéadú iomchuí le haghaidh boscaí; fágann sé sin gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir an soitheach díluchtaithe as a dtagann gach cuid de na hacmhainní iascaigh ar bord;

(b) plean stuála cothrom le dáta agus doiciméid eile ina dtaispeántar suíomh agus cainníochtaí na speiceas a fhaightear ó gach soitheach díluchtaithe a choinneáil ar bun agus iad sin a choinneáil ar bord go dtí go ndíluchtófar an soitheach go hiomlán;

(c) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) a chur ar fáil d'údarás inniúil a stáit brataí agus do Stát an Chalafoirt ábhartha nuair is gá.

11. Ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar shoithí trasloingsithe nó aistrithe a dhéanamh ar muir i gcásanna *force majeure* nó guaise. Sna cásanna sin, tuairisceoidh soithí a ngníomhaíochtaí trasloingsithe nó aistrithe dá n-údaráis inniúla agus do Rúnaíocht SIOFA, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na teimpléid ábhartha a leagtar amach san Airteagal seo, tar éis an trasloingsiú nó an t-aistriú a bheith curtha i gcrích, lena n-áirítear faisnéis faoi na himthosca ba chúis leis an *force majeure* nó leis an nguais.

*Airteagal 21*

**Faireachán a dhéanamh ar thrasloingsithe i gcalafoirt**

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais trasloingsiú i gcalafort ach amháin i gcás go mbeidh réamhúdarú acu óna mBallstát brataí agus ó Stát an Chalafoirt.

2. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais acmhainní iascaigh a thrasloingsiú i gcalafort le soithí a liostaítear ar liostaí soithí NNN arna dtarraingt suas ag aon eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh nó ag an gCoimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha.

3. Maidir le gach trasloingsiú acmhainní iascaigh i gcalafort, cuirfidh údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh díluchtaithe fógra leis an bhfaisnéis seo a leanas, 24 uair an chloig ar a laghad roimh ré, chuig Stát an Chalafoirt agus, más eol dó é, chuig stát brataí an tsoithigh glactha:

(a) dáta, am agus calafort an trasloingsithe;

(b) ainm agus bratach an tsoithigh trasloingsithe díluchtaithe;

(c) ainm agus bratach an tsoithigh glactha;

(d) meáchan na n-acmhainní iascaigh (cileagraim) de réir speiceas (speiceas FAO 3-alfa/cód an ghrúpa/ainm eolaíoch) a bheidh le trasloingsiú.

4. Cuirfidh údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh glactha údarás inniúil Stát an Chalafoirt ar an eolas faoi chainníochtaí na n-acmhainní iascaigh ar bord an tsoithigh 24 uair an chloig ar a laghad roimh an trasloingsiú agus arís laistigh de 24 uair an chloig tar éis an trasloingsithe.

5. Ceanglóidh Ballstát brataí an tsoithigh díluchtaithe ar an soitheach Dearbhú Trasloingsithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a chur faoi bhráid a údaráis inniúil agus Stát an chalafoirt laistigh de 24 uair an chloig ón trasloingsiú, agus cuirfidh sé cóip ar fáil don soitheach glactha freisin.

6. Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh glactha cóip den Dearbhú Trasloingsithe a fuair sé a chur faoi bhráid údarás inniúil Stát an Chalafoirt ina ndéanfar an tabhairt i dtír 48 n-uair an chloig ar a laghad sula dtabharfar na hacmhainní iascaigh trasloingsithe i dtír.

7. Déanfaidh gach Ballstát brataí a bheidh bainteach leis an trasloingsiú sa chalafort na bearta iomchuí chun cruinneas na faisnéise a fuarthas i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhíorú. Déanfaidh sé bearta leantacha iomchuí freisin má tá neamhréireachtaí sna sonraí arna dtuairisciú ag máistrí an tsoithigh díluchtaithe nó glactha nó maidir le neamh-chomhlíonadh le CMManna a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Airteagal 22*

**Tuairisciú ar thrasloingsithe agus ar aistrithe ar muir**

1. Soláthrófar na Ballstáit faisnéis don Choimisiún gach bliain faoi gach trasloingsiú agus gach aistriú ar muir a dhéanann soithí atá faoina mbratach. Soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad 30 lá roimh gach cruinniú den Choiste um Chomhlíonadh maidir lena ngníomhaíochtaí le linn na bliana féilire roimhe sin:

   (a) dáta, am agus suíomh trasloingsithe nó aistrithe i gcomhréir leis na sonraíochtaí in Iarscríbhinn C de CMM 02, arna leasú ó am go ham;

   (b) ainmneacha soithí, Ballstáit brataí agus uimhir chlárúcháin/comhartha aitheantais soithí trasloingsithe nó soithí aistrithe;

   (c) tonnáiste aon acmhainne iascaigh, lena n-áirítear ainm speicis/grúpa (cód speicis FAO/cód grúpa/ainm eolaíoch) arna trasloingsiú;

   (d) cineál aistrithe agus tuairisc ar aistrithe;

   (e) aon fhaisnéis ábhartha eile.

2. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuig Rúnaíocht SIOFA mar chuid den Tuarascáil maidir le Comhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 45(1).

*Airteagal 23*

**Lipéadú táirgí reoite d'acmhainní iascaigh**

Áiritheoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais go lipéadaítear na speicis uile arna saothrú sa Limistéar, nuair a phróiseáiltear iad, ar na bealaí seo a leanas:

   (a) i gcás táirgí reoite, sainaithneofar gach acmhainn iascaigh nó táirge acmhainne iascaigh a dhíorthaítear ó iascaireacht a gabhadh agus a coinníodh ar bord trí bhíthin lipéid nó stampa inléite go soiléir. Léireoidh an lipéad nó an stampa, ar gach bosca, cartán, coimeádán, mála nó bloc (an 'pacáiste') d'acmhainní iascaigh nó táirgí acmhainne iascaigh reoite a dhíorthaítear ó iascaireacht, an speiceas (e.g gnáthainm/ainm eolaíoch/cód/cóid 3-alfa FAO mar a shainmhíníonn Coiste Eolaíochta SIOFA), cur i láthair, dáta táirgthe, agus uimhir shainaitheantais soithigh an tsoithigh gabhála. I gcás ina bhfuil speicis iomadúla sa phacáiste, léireoidh an lipéad nó an stampa gach speiceas atá sa phacáiste agus a chainníocht i gcileagraim;

   (b) déanfar lipéid a ghreamú go daingean, a stampáil, a réamhscríobh nó a scríobh ar phacáistí agus iad á stuáil agus beidh na lipéid mór a ndóthain le gur féidir le cigirí iad a léamh go soiléir agus iad i ngnáthchúrsa a gcuid dualgas;

(c) déanfar lipéid a mharcáil le dúch atá i gcodarsnacht leis an gcúlra;

(d) Ní bheidh ach speiceas amháin (gnáthainm/ainm eolaíoch/cód nó cóid 3-alfa FAO mar a shainmhíníonn an Coiste Eolaíochta) i ngach pacáiste ach amháin má tá sa phacáiste:

   (i) cainníochtaí beaga de speicis mheasctha lena gcaitheamh ag an duine, agus nach bhfuil níos mó ná 25 chileagram d'aon speiceas amháin in aghaidh na gabhála ann;

   (ii) acmhainní iascaigh atá beartaithe lena n-úsáid i gcásanna seachas le caitheamh ag an duine (min éisc, mar shampla). Beidh na focail 'neamhoiriúnach lena thomhailt ag an duine' ar an lipéad.

(e) Stórálfar pacáistí dá dtagraítear i bpointe (d) ar bord an tsoithigh iascaireachta ar bhealach a chuireann ar a gcumas do bhreathnóirí agus cigirí a gcúraimí faoi seach a dhéanamh. Taifeadfaidh breathnóirí, agus iad ar bord, meáchan agus comhdhéanamh speiceas i bpacáistí ina bhfuil speicis iomadúla.

(f) ní chuirfidh na forálacha faoi phointe (d) srian ar bhailiúchán ná ar thuairisciú na sonraí a éilítear faoi Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 24*

**Clár breathnóra eolaíoch**

Na breathnóirí eolaíocha arna n-iompar ag soithí atá faoi bhratach Ballstáit agus a oibríonn sa Limistéar, áiritheoidh na Ballstáit sin go bhfuil na breathnóirí cáilithe agus údaraithe chun a gcuid cúraimí a dhéanamh agus aon sonraí iarrtha a thaifeadadh.

# Caibidil 5
# Rialú ar shoithí tríú tír i gcalafoirt Ballstáit agus ar an mórmhuir

*Airteagal 25*

**Amhairc ar shoithí neamh-PCN agus na soithí sin a shainaithint**

1. Tuairisceoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais aon iascaireacht mheasta, lena n-áirítear trasloingsiú, sa Limistéar a dhéanann soithí atá faoi bhratach stáit nó eintiteas iascaireachta nach bhfuil ina Pháirtí sa Chomhaontú nó nach gcomhoibríonn leis ar bhealach eile. Beidh an fhaisnéis seo a leanas i dtuarascálacha ó shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, a mhéid is féidir:

   (a) ainm an tsoithigh;

   (b) uimhir chlárúcháin/comhartha aitheantais an tsoithigh;

   (c) Ballstát brataí an tsoithigh;

   (d) dáta, am agus suíomh an amhairc atá comhsheasmhach leis na caighdeáin le haghaidh sonrú sonraí a dtugtar tuairisc air in Iarscríbhinn C a ghabhann le CMM 02, arna leasú ó am go ham;

   (e) aon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis an soitheach a chonacthas, lena n-áirítear grianghraif.

2. Seolfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an fhaisnéis a leagtar amach i mír 1 chuig a mBallstát brataí gan moill mhíchuí. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a

leagtar amach i mír 1 ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is praiticiúil. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis faoi bhráid Rúnaíocht SIOFA a luaithe is féidir.

*Airteagal 26*

**Bearta calafoirt**

1. Oibreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i gcomhar le Stát an Chalafoirt maidir le cigireachtaí a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, an Chomhaontaithe nó CMManna.

2. Coinneoidh na Ballstáit chalafoirt córas éifeachtach um rialú Stát an Chalafoirt ar bun le haghaidh na soithí uile a bhí i mbun iascaireachta sa Limistéar, seachas soithí coimeádán nach bhfuil acmhainní iascaigh á n-iompar acu. Soithí coimeádán a bhfuil acmhainní iascaigh á n-iompar acu, ní bhíonn siad faoi réir bearta rialaithe arna ndéanamh ag Stát an Chalafoirt más rud é gur tugadh na hacmhainní iascaigh sin i dtír roimhe sin, ar choinníoll nach bhfuil aon fhoras soiléir amhrais ann go raibh na soithí sin i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht chun tacú le hiascaireacht NNN.

3. I gcás ina bhfuil forais shoiléire ag Ballstát le creidiúint go raibh soitheach atá faoina bhratach páirteach in iascaireacht NNN agus go bhfuil an soitheach ag lorg cead isteach chuig calafort PCN eile nó go bhfuil sé i gcalafort PCN eile, iarrfaidh an Ballstát sin, de réir mar is iomchuí, go ndéanfaidh an Ballstát calafoirt cigireacht ar an soitheach nó go ndéanfaidh sé bearta leordhóthanacha eile.

4. I gcás ina bhfaighidh Ballstát, tar éis cigireacht arna déanamh ag Stát an Chalafoirt, tuarascáil chigireachta ina dtugtar le fios go bhfuil forais shoiléire ann lena chreidiúint go raibh soitheach a bhí faoina bhratach i mbun iascaireacht NNN, déanfaidh sé an cás a imscrúdú go hiomlán a luaithe is féidir. Déanfaidh an Ballstát, tar éis dó fianaise leordhóthanach a bheith aige, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a luaithe is féidir i gcomhréir le dlíthe an Aontais agus leis na dlíthe náisiúnta.

5. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le haon ghníomhaíocht a rinne siad i dtaca le soithí atá faoina mbratach ar cinneadh ina leith go raibh siad i mbun iascaireacht NNN mar thoradh ar bhearta Stát an Chalafoirt a rinneadh de bhun an Rialacháin seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin faoi bhráid Rúnaíocht SIOFA.

6. Soláthróidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir le haon ghníomh a rinne siad mar Bhallstáit chalafort nó bhrataí de bhun mhír 3.

7. Soláthróidh na Ballstáit na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 don Choimisiún 30 lá ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú de chuid an Choiste Comhlíontachta. Seolfaidh an Coimisiún na tuarascálacha sin chuig Rúnaíocht SIOFA 14 lá ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú de chuid an Choiste Comhlíontachta.

8. Ballstáit ar mian leo rochtain ar a gcalafoirt a thabhairt do shoithí iascaireachta tríú tír, ainmneoidh siad:

   (a) an calafort ar féidir le soithí tríú tír cead a iarraidh chun dul isteach ann de bhun Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

   (b) pointe teagmhála chun críocha réamhfhógra a fháil de bhun Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;

(c) pointe teagmhála chun críocha tuarascálacha cigireachta a fháil de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

9. Déanfaidh na Ballstáit aon athruithe ar an liosta dá gcalafoirt ainmnithe agus pointí teagmhála a tharchur chuig an gCoimisiún 45 lá ar a laghad sula dtagann na hathruithe i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht SIOFA 30 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe sin.

10. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil inniúlacht leordhóthanach ag a gcalafoirt ainmnithe chun cigireachtaí a dhéanamh atá comhsheasmhach le ceanglais an Chomhaontaithe agus an Rialacháin seo.

*Airteagal 27*

**Réamhfhógra faoi theacht isteach soithí tríú tír i gcalafort agus údarú nó diúltú do theacht isteach i gcalafort**

1. Sula ndeonóidh sé cead isteach do shoitheach tríú tír ina chalafort, éileoidh gach Ballstát calafoirt ar an soitheach, ar a laghad, an fhaisnéis in Iarscríbhinn I a ghabhann le CMM 08, arna leasú ó am go ham, mar aon le dátaí an turais iascaireachta. Tá na dátaí sin le soláthar 3 lá oibre ar a laghad roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach. Má tá táirgí iascaigh úra ar bord an tsoithigh, soláthrófar an fhaisnéis 4 uair an chloig ar a laghad roimh an am teachta measta.

2. Má bhíonn an soitheach tríú tír atá ag iarraidh cead isteach i gcalafort ag iompar táirgí iascaigh ar bord, éileoidh Ballstát an chalafoirt go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i dteannta deimhniú gabhála arna bhailíochtú i gcomhréir le Caibidil III de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

3. Tar éis an fhaisnéis a éilítear de bhun mhír 1 agus, i gcás inarb infheidhme, mír 2, a fháil déanfaidh an Ballstát calafoirt cinneadh cé acu cead isteach an tsoithigh tríú tír chuig a chalafort a údarú nó a dhiúltú agus cuirfear an cinneadh sin in iúl do mháistir an tsoithigh nó d’ionadaí an tsoithigh.

4. I gcás go n-údaraítear cead isteach, éileoidh údarás inniúil Bhallstát an chalafoirt ar mháistir an tsoithigh nó ar ionadaí an tsoithigh an t-údarú do theacht isteach a thaispeáint ar theacht isteach an tsoithigh sa chalafort.

5. I gcás ina ndiúltaítear cead isteach, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit calafoirt a chinneadh in iúl do Bhallstát brataí an tsoithigh agus don Choimisiún. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SIOFA.

6. Má tá fianaise ag Ballstát calafoirt gur ghlac soitheach atá ag lorg cead isteach ina chalafort páirt in iascaireacht NNN, go háirithe áireamh ar liosta soithí a bhí páirteach in iascaireacht NNN arna ghlacadh ag SIOFA, PCNanna eile, eagraíochtaí réigiúnacha eile um bainistíocht iascaigh nó an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha, diúltóidh sé cead isteach sna calafoirt atá aige don soitheach sin.

7. Féadfaidh Ballstát calafoirt cead isteach ina gcalafoirt a thabhairt do shoitheach dá dtagraítear i mír 6 chun críche cigireacht a dhéanamh uirthi agus bearta iomchuí eile a dhéanamh i gcomhréir le dlí idirnáisiúnta, atá chomh héifeachtach ar a laghad agus diúltú do chead isteach i gcalafort chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, agus chun na críche sin amháin. I gcás ina bhfuil soitheach den sórt sin sa chalafort cheana ar aon chúis, diúltóidh an Ballstát calafoirt úsáid a chalafort di chun acmhainní iascaigh a chur i dtír, a thrasloingsiú, a phacáistiú agus a phróiseáil

agus le haghaidh seirbhísí calafoirt eile lena n-áirítear athbhreoslú agus athsholáthar, cothabháil agus cur i nduga tirim. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 28(2) agus ag Airteagal 28(3) sna cásanna sin.

*Airteagal 28*

**Úsáid calafort ag soithí tríú tír**

1. I gcás inar tháinig soitheach tríú tír isteach i gceann dá chalafoirt, diúltóidh an Ballstát calafoirt, de bhun dhlíthe an Aontais agus dlíthe náisiúnta agus comhsheasmhach le dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear an Comhaontú, úsáid an chalafoirt di chun acmhainní iascaigh nár cuireadh i dtír cheana féin a chur i dtír, a thrasloingsiú, a phacáistiú agus a phróiseáil agus le haghaidh seirbhísí calafoirt eile a fháil lena n-áirítear, inter alia, athbhreoslú agus athsholáthar, cothabháil agus cur i nduga tirim, sna cásanna seo a leanas:

   (a) mura bhfuil údarú bailí is infheidhme ag an soitheach a bheith páirteach in iascaireacht ná i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht de réir a cheanglaíonn a Ballstát brataí;

   (b) mura ndeimhníonn an Stát a bhfuil an soitheach faoina bhratach, laistigh de thréimhse ama réasúnach, gur gabhadh na hacmhainní iascaigh ar bord i gcomhréir leis an gComhaontú agus le CMManna, arna iarraidh sin do Stát an Chalafoirt;

   (c) tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go raibh an soitheach ag gabháil d'iascaireacht NNN i slí eile, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do shoitheach, mura féidir le húinéir/hoibreoir an tsoithigh a chruthú:

      (i) go raibh sí ag gníomhú i mbealach atá comhsheasmhach leis na CMManna ábhartha;

      (ii) i gcás soláthar pearsanra, breosla, trealaimh agus soláthairtí eile ar muir, nár shoitheach dá dtagraítear in Airteagal 27(6), tráth an tsoláthair, í an soitheach a soláthraíodh.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní dhiúltóidh Ballstáit chalafoirt úsáid seirbhísí calafoirt do shoitheach dá dtagraítear sa mhír sin más rud é:

   (a) tá na seirbhísí fíor-riachtanach maidir le sábháilteacht nó sláinte an chriú nó sábháilteacht an tsoithigh, ar choinníoll go gcruthaítear na riachtanais sin mar is ceart;

   (b) i gcás inarb iomchuí, éilítear na seirbhísí chun an soitheach a scrapáil.

3. I gcás inar dhiúltaigh Ballstát calafoirt úsáid a chalafoirt i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh sé fógra go pras don stát a bhfuil an soitheach faoina bhratach agus don Choimisiún, a tharchuirfidh an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SIOFA a luaithe agus is féidir.

4. Ní tharraingeoidh Ballstát calafoirt siar diúltú úsáide dá chalafoirt de bhun mhír 1 ach amháin má tá fianaise ann go raibh na forais ar diúltaíodh an úsáid orthu neamh-leordhóthanach nó earráideach nó nach bhfuil feidhm ag na forais sin a thuilleadh.

5. I gcás inar tharraing Ballstát calafoirt siar a dhiúltú de bhun mhír 4, tabharfaidh sé fógra go pras don stát a bhfuil an soitheach faoina bhratach agus don Choimisiún, a tharchuirfidh an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SIOFA a luaithe agus is féidir.

*Airteagal 29*

**Cigireachtaí calafoirt**

1. Áiritheoidh na Ballstáit chalafoirt go ndéanfar cigireachtaí ar aon soitheach ina gcalafoirt ag cigirí arna n-údarú go cuí, arna n-oiliúint agus a bhfuil cur amach acu ar an Rialachán seo, ar an gComhaontú agus ar na CMManna ábhartha.

2. Maidir le cláir oiliúna cigirí, cuirfidh na Ballstáit chalafoirt san áireamh na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le CMM 08, arna leasú ó am go ham.

3. Déanfar cigireacht ar na soithí iascaireachta uile a thagann isteach i gcalafoirt an Aontais agus déadéisc á n-iompar nó á dtabhairt i dtír acu.

4. I dteannta Airteagail 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, déanfaidh na Ballstáit chalafoirt cigireacht ar shoithí tríú tír ina gcalafoirt sna cásanna seo a leanas:

(a) tá iarraidh ann ó BCB eile, ó aon eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh nó ón gCoimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha, nó ó Choimisiún, go ndéanfar cigireacht ar shoitheach áirithe, go háirithe i gcás tacaíocht a bheith ann d'iarrataí den sórt sin i bhfoirm fianaise ar iascaireacht NNN ag an soitheach i gceist, agus i gcás ina bhfuil forais shoiléire ann lena cheapadh go raibh soitheach páirteach in iascaireacht NNN;

(b) theip ar shoitheach an fhaisnéis a sholáthar atá ina cheanglas faoi Airteagal 27(1).

5. Roimh chigireacht, tabharfaidh an cigire doiciméad aitheantais iomchuí do mháistir an tsoithigh.

6. Áiritheoidh na Ballstáit chalafoirt go ndéantar cigireachtaí soithí ina gcalafoirt i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le CMM 08.

7. Féadfaidh an Ballstát calafoirt a iarraidh ar chigirí ó BCBanna eile a gcigirí féin a thionlacan agus breathnú ar chigireacht ar chur i dtír nó oibríochtaí trasloingsithe acmhainní iascaigh arna ngabháil ag soithí tríú tír.

8. Déanfar cigireachtaí laistigh de 72 uair an chloig ón teacht isteach i gcalafort, ach amháin sa chás nach bhfuil rochtain ar an soitheach chun cigireacht a dhéanamh uirthi sábháilte de bharr dálaí aimsire nó cúinsí eile. Sna cásanna sin, déanfar an chigireacht a luaithe is féidir agus déanfaidh an tuarascáil chigireachta trácht ar an gcúis a bhain leis an moill, agus déanfar ar bhealach gasta í.

9. Áiritheoidh an Ballstát calafoirt go ndéanfaidh a chigirí gach iarracht is féidir gan moill mhíchuí a chur ar shoitheach, ag áirithiú nach bhfulaingíonn an soitheach iniúchta níos mó cur isteach nó míchaoithiúlachta ná mar is gá, agus go seachnaítear díghrádú cáilíochta na n-acmhainní iasc.

10. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit calafoirt tuarascáil scríofa ar aghaidh chuig an gCoimisiún ina bhfuil torthaí gach cigireachta, lena n-áireofar ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le CMM 08. Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil chuig údarás inniúil an tsoithigh a ndearnadh cigireacht uirthi agus chuig Rúnaíocht SIOFA.

11. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit calafoirt an tuarascáil chigireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún laistigh de 25 lá tar éis dháta chomhlánú na cigireachta, nó a luaithe is féidir i gcás inar tháinig ceisteanna comhlíontachta féideartha chun cinn nó

má tá ceisteanna ann a éilítear aird údarás inniúil an tsoithigh iniúchta. Más rud é nach féidir an tuarascáil chigireachta a tharchur laistigh den tréimhse sin, tabharfaidh an Ballstát calafoirt fógra don Choimisiún laistigh den tréimhse chéanna maidir leis na cúiseanna leis an moill agus faoin uair a chuirfear an tuarascáil faoina bhráid.

12. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil chigireachta ar aghaidh chuig údarás inniúil an tsoithigh a ndearnadh cigireacht uirthi agus chuig Rúnaíocht SIOFA laistigh de 30 lá tar éis dháta chomhlánú na cigireachta, nó a luaithe is féidir i gcás inar tháinig ceisteanna comhlíontachta féideartha chun cinn nó má tá ceisteanna ann a éilíonn aird údarás inniúil an tsoithigh iniúchta. Más rud é nach féidir an tuarascáil chigireachta a tharchur laistigh den tréimhse sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht SIOFA laistigh den tréimhse chéanna maidir leis na cúiseanna leis an moill agus faoin uair a chuirfear an tuarascáil faoina bráid.

# Caibidil 6
# Forfheidhmiú

*Airteagal 30*

**Prionsabail ghinearálta**

1. Féadfar na Ballstáit bordáil agus cigireacht a dhéanamh sa limistéar ar shoithí atá faoi bhratach PCN atá ag gabháil d'iascaireacht nó a cheaptar go raibh siad ag gabháil d'iascaireacht.

2. Áiritheoidh na Ballstáit a dhéanann cigireachtaí go gcomhlíonann a gcigirí údaraithe an Rialachán seo agus aon ghníomhaíocht bhordála agus chigireachta á gcur i bhfeidhm acu a dhéantar de bhun an Rialacháin seo.

3. Glacfaidh máistrí agus oibrithe soithí iascaireachta de chuid an Aontais le bordáil agus cigireacht a dhéanann Páirtithe Conarthacha in SIOFA, agus déanfaidh siad éascaíocht orthu.

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir leo freagairt d'aon chur isteach ó shoitheach iascaireachta atá faoina mbratach, nó ó mháistir nó ó chriú dá cuid, le cigire údaraithe nó le soitheach cigireachta údaraithe.

*Airteagal 31*

**Fógra a thabhairt don Choimisiún**

1. Cuirfidh Ballstát a bheartaíonn gníomhaíochtaí bordála agus cigireachta a dhéanamh an rún sin in iúl don Choimisiún, agus soláthróidh sé na nithe a leanas:

    (a) maidir le gach soitheach cigireachta údaraithe:

        (i) mionsonraí an tsoithigh (ainm, tuairisc, grianghraf, uimhir chlárúcháin, calafort clárúcháin, calafort marcáilte ar chabhail an tsoithigh murab ionann é agus an calafort clárúcháin, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió), seachas i gcás nach infheidhme é le haghaidh soithí míleata;

        (ii) fógra go bhfuil an soitheach cigireachta marcáilte go soiléir agus gur féidir a shainaithint go bhfuil sí ar sheirbhís rialtais agus go bhfuil sí faoi bhratach chigireachta SIOFA go soiléir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 14, arna leasú ó am go ham.

    (b) maidir le cigirí údaraithe a ainmníonn sé:

(i) ainm(neacha) na n-údarás atá freagrach as bordáil agus cigireacht;

(ii) sampla de na dintiúr a eisítear chuig a chigirí údaraithe;

(iii) fógra go bhfuil taithí ag na cigirí údaraithe ar na speicis agus na gníomhaíochtaí iascaireachta a bhfuil cigireacht le déanamh orthu agus ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo, an Chomhaontaithe agus na CMManna atá i bhfeidhm;

(iv) fógra go bhfuair na cigirí údaraithe agus gur chuir siad i gcrích oiliúint chun gníomhaíochtaí bordála agus cigireachta a dhéanamh go sábháilte ar muir. Ba cheart teagasc ar chonstaicí cumarsáide a shárú agus ar theicnící díghéaraithe a áireamh le hoiliúint den sórt sin;

(v) fógra go bhfuair aon chigire údaraithe a iompraíonn airm agus gur chuir sé i gcrích leibhéil oiliúna iomchuí ar úsáid na n-arm sin.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil faoin mír roimhe seo.

3. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas faoi mhír 1 agus mír 2 chuig Rúnaíocht SIOFA.

4. De mhaolú ar Airteagal 30(3), féadfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt do Chruinniú na bPáirtithe go mbeidh feidhm iomlán ag na forálacha maidir le bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir sa Rialachán seo idir an tAontas agus Eintiteas Iascaireachta Rannpháirtíochta mar a shainmhínítear leis an gComhaontú.

*Airteagal 32*

**Nós imeachta um dhul ar bord agus cigireacht ar an mórmhuir**

1. Soithí cigireachta údaraithe a dhéanann bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir sa Limistéar, beidh siad faoi bhratach chigireachta SIOFA mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le CMM 14, arna leasú ó am go ham, i mbealach a bheidh le feiceáil go soiléir.

2. Beidh cárta aitheantais oifigiúil bailí ar iompar ag cigirí údaraithe lena sainaithnítear go bhfuil an cigire údaraithe chun bordáil agus cigireacht a dhéanamh.

3. Sula dtionscnófar bordáil agus cigireacht, déanfaidh soitheach cigireachta údaraithe a bhfuil sé de rún aici bordáil agus cigireacht a dhéanamh ar shoitheach sa limistéar atá ag gabháil d’iascaireacht nó a cheaptar go raibh sí ag gabháil d’iascaireacht, na nithe seo a leanas:

(a) fógra a thionscnamh chuig údaráis an tsoithigh iascaireachta, más eol sin;

(b) a dícheall a dhéanamh teagmháil a dhéanamh leis an soitheach iascaireachta ar raidió, trí bhíthin na gCód Idirnáisiúnta Comharthaíochta iomchuí, nó trí bhíthin aon bhealach glactha eile chun rabhadh a thabhairt don soitheach;

(c) an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don soitheach iascaireachta chun í féin a shainaithint mar shoitheach cigireachta údaraithe: ainm, uimhir chlárúcháin, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió, údarás an tsoithigh cigireachta, agus minicíocht teagmhála;

(d) cumarsáid a dhéanamh le máistir an tsoithigh faoina rún maidir le bordáil agus cigireacht a dhéanamh ar an soitheach de bhun an Rialacháin seo.

4. Agus iad ag déanamh bordála agus cigireachta, déanfaidh cigirí údaraithe a ndícheall cumarsáid a dhéanamh le máistir an tsoithigh iascaireachta ar bhealach a thuigfeadh an máistir. Más gá chun cumarsáid a éascú idir na cigirí údaraithe agus máistir an tsoithigh iascaireachta, bainfidh na cigirí údaraithe úsáid as na codanna ábhartha den cheistneoir caighdeánaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le CMM 14, agus na haistriúcháin a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin SIOFA.

5. Beidh údarás ag na cigirí údaraithe cigireacht a dhéanamh, fianaise agus samplaí a thógáil, agus faisnéis a thaifeadadh ar an soitheach iascaireachta, a ceadúnas, a fearas, a trealamh, a taifid ghabhála agus táirgthe, a saoráidí, a hacmhainní iascaigh agus aon doiciméad eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a sheiceáil.

6. Áiritheoidh na Ballstáit chigireachta nach gceaptar níos mó ná ceathrar cigirí údaraithe mar chuid den fhoireann bordála ó shoitheach cigireachta údaraithe ach amháin má dhéanann oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta údaraithe cinneadh gur gá cigirí údaraithe breise mar gheall ar chastacht na cigireachta. I ngach cás, ní bheidh ar an bhfoireann bordála ach an líon cigirí údaraithe is gá chun cigireacht éifeachtach a dhéanamh go sábháilte agus go slán.

7. Áiritheoidh na Ballstáit chigireachta go ndéanfar gníomhaíochtaí bordála agus cigireachta ar bhealach:

(a) lena seachnaítear rioscaí sábháilteachta do shoithí iascaireachta agus don chriú, lena n-áirítear a áirithiú go bhfanfaidh an soitheach cigireachta údaraithe achar sábháilteachta ón soitheach iascaireachta le linn na cigireachta;

(b) nach gcuirfidh isteach go míchuí ar oibríochtaí dleathacha an tsoithigh;

(c) lena seachnaítear gníomhaíocht a dhéanfaidh damáiste do threalamh iascaireachta nó a dhéanfaidh dochar do cháilíocht na gabhála;

(d) nach gciapfar oifigigh, criú ná breathnóirí an tsoithigh iascaireachta.

8. Agus bordáil agus cigireacht á ndéanamh acu, déanfaidh gach cigire údaraithe na nithe seo a leanas:

(a) a gcárta aitheantais a chur faoi bhráid mháistir an tsoithigh;

(b) gan a bheith ag cur isteach ar chumas an mháistir cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an tsoithigh iascaireachta;

(c) aon fhianaise a bhailiú agus a thaifeadadh a chreideann siad a léiríonn sárú ar an Rialachán seo, ar an gComhaontú nó ar CMManna;

(d) cóip de thuarascáil eatramhach ar an mbordáil agus ar an gcigireacht a chur ar fáil don mháistir, sula bhfágfaidh sé an soitheach, ar tuarascáil í a d'fhéadfadh a bheith i bhformáid leictreonach; féadfaidh aon agóid nó ráiteas a bheith san áireamh inti, a d'fhéadfadh a bheith i dteanga eile seachas Béarla, ar mian leis an máistir a chur san áireamh sa tuarascáil eatramhach;

(e) an chigireacht a chur i gcrích laistigh de 4 uair an chloig ón mbordáil murar aimsíodh fianaise ar shárú tromchúiseach, nó más gá tréimhse níos faide chun doiciméadacht bhainteach arna heisiúint ag an máistir a fháil. Más ann do chúinsí ar leith, áfach, a bhaineann le méid an tsoithigh iascaireachta agus leis na cainníochtaí éisc arna gcoinneáil ar bord, d'fhéadfaí go mairfeadh an t-achar cigireachta níos faide ná an teorainn a leagtar síos thuas. I gcúinsí den sórt sin,

ní fhanfaidh an fhoireann bordála ar bord an tsoithigh iascaireachta i gcás ar bith níos faide ná an t-achar is gá chun an chigireacht a chur i gcrích.

9. Le linn bordáil agus cigireacht, déanfaidh máistir agus criú soithí iascaireachta de chuid an Aontais na nithe seo a leanas:

(a) rioscaí do shábháilteacht soithí cigireachta údaraithe agus do shábháilteacht cigirí údaraithe a sheachaint;

(b) glacadh le bordáil phras shábháilte ag cigirí údaraithe agus í a éascú i gcás ina dtugtar treoir dóibh nó i gcás ina gcuirtear rún maidir le bordáil in iúl dóibh;

(c) comhoibriú le cigireacht shábháilte an tsoithigh agus cúnamh a thabhairt di;

(d) gan na cigirí údaraithe a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, cur isteach orthu, bac ná moill a chur orthu agus iad ag déanamh a ndualgas;

(e) ceadú do na cigirí údaraithe cumarsáid phras a dhéanamh le criú an tsoithigh cigireachta údaraithe, le húdaráis an tsoithigh cigireachta, le haon bhreathnóir ar an soitheach iascaireachta, mar aon le criú agus le húdaráis an tsoithigh iascaireachta atá faoi chigireacht i gcás ina dtugtar treoir dóibh;

(f) aon ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun sláine aon séala arna ghreamú ag na cigirí agus aon fhianaise a fhanann ar bord a chaomhnú;

(g) leanúnachas fianaise a dhaingniú, i gcás ina mbeidh séalaí feistithe agus/nó fianaise daingnithe, roinn iomchuí na tuarascála cigireachta lena n-admhaítear socrú séalaí a shíniú;

(h) stad a chur ar an iascaireacht arna iarraidh sin, agus gan iascaireacht a thosú go dtí:

(i) go mbeidh an chigireacht curtha i gcrích ag na cigirí údaraithe agus aon fhianaise daingnithe acu;

(ii) go síneoidh an máistir roinn iomchuí na tuarascála chigireachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CMM 14, arna leasú ó am go ham, lena n-áirítear síniú leictreonach;

(i) saoráidí réasúnacha a sholáthar do na cigirí údaraithe atá ar bord;

(j) díbhordáil shábháilte phras na gcigirí údaraithe a éascú nuair a ordaítear sin.

10. Má dhiúltaíonn máistir nó criú soithigh iascaireachta de chuid an Aontais do chigire údaraithe bordáil agus cigireacht a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, soláthróidh an duine sin agus an máistir nó an t-oifigeach ar dualgas míniú ar an gcúis leis an diúltú sin.

11. Tabharfaidh an Ballstát cigireachta fógra láithreach agus go comhuaineach do Stát brataí an tsoithigh iascaireachta agus don Choimisiún faoi aon diúltú cead a thabhairt do chigire údaraithe gníomhaíocht bhordála agus chigireachta a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus an míniú a soláthraíodh. Seolfaidh an Coimisiún an fógra chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA a luaithe is féidir.

12. Seachas i gcás ina n-éilíonn rialacháin idirnáisiúnta, nósanna imeachta idirnáisiúnta agus cleachtais idirnáisiúnta, a nglactar leo go forleathan agus a bhaineann leis an tsábháilteacht ar muir, moill a chur ar an mbordáil agus ar an gcigireacht, glacfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais leis an mbordáil agus leis an gcigireacht. Mura nglacann an máistir leis an mbordáil agus leis an gcigireacht,

cuirfidh an Ballstát brataí údarú an tsoithigh le hiascaireacht a dhéanamh ar fionraí agus ordóidh sé don soitheach filleadh ar an gcalafort láithreach nó a luaithe is féidir.

13. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún láithreach faoin ngníomhaíocht a rinne sé sna cúinsí dá dtagraítear i mír 12 a luaithe agus is féidir. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig údaráis an tsoithigh cigireachta agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA a luaithe agus is féidir.

14. Seachnófar úsáid an fhornirt ach amháin i gcás agus a mhéad is gá chun sábháilteacht na gcigirí údaraithe a áirithiú, nó i gcás ina gcuirtear bac ar na cigirí le linn dóibh a ndualgais a dhéanamh. Ní shárófar méid an fhornirt an méid a bhfuil gá réasúnta leis sna cúinsí.

15. Tabharfar tuairisc an tráth céanna d'údaráis an tsoithigh iascaireachta, d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus don Choimisiún a luaithe agus is féidir faoi aon teagmhas a bhaineann le húsáid an fhornirt. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA a luaithe is féidir.

16. Tá úsáid arm ag aon bhall den fhoireann bordála faoi réir na srianta ar úsáid an fhornirt a leagtar amach i mír 14. Iompróidh baill na foirne bordála aon arm le staidiúir neamh-ionsaitheach i rith na bordála agus na cigireachta ach amháin más gá chun sábháilteacht agus slándáil a áirithiú.

*Airteagal 33*

**Nós imeachta tuairiscithe bordála agus cigireachta ar an mórmhuir**

1. Ullmhóidh cigirí údaraithe tuarascáil ar gach bordáil agus cigireacht agus úsáid á baint as na réimsí sonraí san Fhoirm Tuairiscithe ar Bhordáil agus Cigireacht (Iarscríbhinn 1 a ghabhann le CMM 14). Tarchuirfidh an Ballstát cigireachta cóip leictreonach den tuarascáil bhordála agus chigireachta an tráth céanna chuig údaráis an tsoithigh iascaireachta, agus chuig an gCoimisiún, laistigh de 3 lá oibre ó chríochnú na bordála agus na cigireachta. I gcás nach féidir go teicniúil leis an mBallstát cigireachta an tuarascáil sin a sholáthar d'údaráis an tsoithigh iascaireachta agus don Choimisiún laistigh den tréimhse sin, cuirfidh an Ballstát cigireachta údaráis an tsoithigh iascaireachta agus an Coimisiún ar an eolas an tráth céanna, agus sonrófar an tréimhse ina soláthrófar an tuarascáil. Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA a luaithe is féidir.

2. Cuimseofar sa tuarascáil ainm/ainmneacha agus údarás an chigire/na gcigirí údaraithe agus sainaithneofar aon ghníomhaíocht nó riocht a breathnaíodh a chreideann na cigirí gur sárú é ar an Rialachán seo, ar an gComhaontú nó ar CMManna agus sonrófar fianaise fhíorasach shonrach a bhaineann le gach sárú líomhnaithe ar leith.

3. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát aon fhianaise a fhaightear mar thoradh ar nós imeachta bordála agus cigireachta maidir le sárú ar an Rialachán seo, ar an gComhaontú nó ar CMManna ag soitheach iascaireachta a sholáthar don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún é a chur ar aghaidh chuig údaráis an tsoithigh iascaireachta le haghaidh gníomhaíochta.

*Airteagal 34*

**Sáruithe tromchúiseacha**

1. Chun críche an Rialacháin seo, cuimseofar le sárú tromchúiseach na sáruithe ar an Rialachán seo, ar an gComhaontú nó ar CMManna mar a leanas:

(a) iascaireacht gan ceadúnas, cead nó údarú bailí arna eisiúint ag an mBallstát brataí, nó mainneachtain ceadúnas, cead nó údarú bailí a thaispeáint arna iarraidh sin ag cigire údaraithe;

(b) mainneachtain taifid leordhóthanacha a choimeád ar iarracht, gabháil agus sonraí a bhaineann le gabhálacha i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe nó míthuairisciú mór ar iarracht, gabháil agus/nó sonraí a bhaineann le gabhálacha;

(c) iascaireacht i limistéar iata;

(d) iascaireacht le linn séasúr iata;

(e) tógáil nó coinneáil speicis d'aon ghnó de shárú ar an gComhaontú, ar an Rialachán seo nó ar aon CMM is infheidhme;

(f) teorainneacha nó cuótaí iarrachta agus/nó gabhála atá i bhfeidhm a shárú go suntasach;

(g) trealamh iascaireachta toirmiscthe a úsáid;

(h) marcanna, sainaitheantas nó clárú soithigh iascaireachta a fhalsú, a cheilt d'aon ghnó nó a bhaint d'aon ghnó;

(i) fianaise a bhaineann le himscrúdú atá á dhéanamh faoin Rialachán seo nó faoi CMManna a cheilt, a chur as riocht, nó a dhiúscairt, lena n-áirítear séalaí a bhriseadh d'aon ghnó nó slí isteach a fháil chuig áiteanna nach bhfuil cead isteach iontu d'aon ghnó;

(j) mainneachtain CFS a iompar nó é a chur as a riocht nó é a dhíchumasú d'aon ghnó;

(k) taispeáint doiciméad falsaithe nó faisnéis fhalsaithe a sholáthar d'aon ghnó do chigire údaraithe a chuirfeadh cosc ar shárú tromchúiseach a aimsiú;

(l) iliomad sáruithe ar neamhaird thromchúiseach é den Chomhaontú, den Rialachán seo agus de CMManna nuair a chuirtear le chéile iad;

(m) diúltú glacadh le bordáil agus cigireacht shábháilte phras nó iad a éascú i gcás ina dtugann cigire údaraithe treoir dóibh, seachas mar a leagtar amach in Airteagal 32(10);

(n) cigire údaraithe a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, a chiapadh go gnéasach, cur isteach air, nó bac míchuí nó moill mhíchuí a chur air;

(o) ceanglais sábháilteachta breathnóra a shárú.

2. I gcás ina mbreathnaíonn cigirí údaraithe ar ghníomhaíocht nó riocht an tsoithigh iascaireachta a d'fhéadfadh a bheith ina shárú tromchúiseach de réir bhrí mír 1, tabharfaidh an Ballstát cigireachta fógra don Choimisiún a luaithe agus is féidir. Tabharfaidh an Coimisiún fógra d'údaráis an tsoithigh iascaireachta go díreach agus trí Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA.

3. Ar fhógra a fháil faoi shárú tromchúiseach líomhnaithe i gcomhréir le mír 2, soláthróidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais freagra tosaigh d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus don Choimisiún a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 3 lá oibre. Seolfaidh an Coimisiún an fhreagairt tosaigh

chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA. Sa fhreagairt tosaigh, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt go ndéanfaidh sé imscrúdú ar an sárú tromchúiseach líomhnaithe;

(b) ag údarú údaráis an tsoithigh cigireachta an t-imscrúdú ar an sárú tromchúiseach líomhnaithe a dhéanamh.

4. Maidir le mír 3(a), soláthróidh an Ballstát cigireachta, a luaithe is indéanta, an fhianaise shonrach a bhailigh a chigirí údaraithe don Choimisiún chun í a tharchur chuig údaráis an tsoithigh iascaireachta.

5. Soláthróidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais tuarascáil ar an imscrúdú don Choimisiún laistigh de mhí amháin tar éis an fhógra i mír 3. Más gá de réir na fianaise, déanfaidh an Ballstát brataí gníomhaíocht forfheidhmiúcháin in aghaidh an tsoithigh iascaireachta atá i gceist agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin den sórt sin laistigh de 4 mhí ó dháta an fhógra i mír 3.

6. Seolfaidh an Coimisiún an tuarascáil ar an imscrúdú chuig údaráis an tsoithigh cigireachta agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA laistigh de mhí amháin den fhógra i mír 3, agus tabharfaidh sé fógra dóibh faoi aon ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a rinneadh laistigh de 6 mhí de dháta an fhógra i mír 3.

7. Maidir le mír 3, pointe (b), má dhéanann an Ballstát cigireachta cinneadh imscrúdú a dhéanamh, áiritheoidh sé go soláthrófar an fhianaise shonrach arna bailiú ag a chigirí údaraithe, mar aon le torthaí aon imscrúdaithe, don Choimisiún láithreach ar chur i gcrích an imscrúdaithe agus in aon chás laistigh de 5 mhí tar éis dháta na cigireachta. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis arna bailiú mar aon le torthaí aon imscrúdaithe chuig údaráis an tsoithigh iascaireachta agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 6 mhí tar éis dháta na cigireachta.

8. De mhaolú ar mhír 4 go mír 7, i gcás ina bhfaighidh Ballstát iarraidh chun imscrúdú a dhéanamh ar shárú tromchúiseach líomhnaithe de réir bhrí na forála seo, tabharfaidh an Ballstát freagra don Choimisiún a luaithe agus is indéanta agus in aon chás laistigh de mhí amháin ón iarraidh sin a fháil. Cuimseofar sa fhreagra mionsonraí maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh i ndáil leis an sárú tromchúiseach líomhnaithe.

9. Cuirfidh an Coimisiún an fhreagairt ar aghaidh chuig Páirtithe Conarthacha eile a luaithe is indéanta agus in aon chás laistigh de 2 mhí tar éis iarraidh den sórt sin a fháil. Nuair a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe, cuirfidh an Ballstát tuarascáil ar thoradh an imscrúdaithe ar fáil don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar aghaidh chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA lena cur i gcúrsaíocht chuig gach PCN lena breithniú ag an gcéad Chruinniú eile de na Páirtithe.

*Airteagal 35*

**Forálacha bordála agus cigireachta ar an mórmhuir a bhaineann le páirtithe neamh-PCN**

1. Áiritheoidh na Ballstáit chigireachta go bhfuil sé d'aidhm ag a soithí cigireachta údaraithe, i gcás ina ndéanann siad gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an Rialachán seo, soithí neamhúdaraithe nó anaithnide de chuid pháirtithe neamh-PCN atá ag

iascaireacht sa Limistéar a shainaithint. Tuairisceoidh na Ballstáit aon soitheach den sórt sin don Choimisiún, a thuairisceoidh do Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA iad.

2. Déanfaidh an Ballstát cigireachta iarracht aon soitheach iascaireachta a sainaithníodh de bhun mhír 1 a chur ar an eolas go bhfacthas é nó gur sainaithníodh é mar shoitheach a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil d'iascaireacht a bhaineann an bonn d'éifeacht an Chomhaontaithe nó CMManna, agus áiritheoidh an Ballstát sin go gcuirfear an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig údaráis an Bhallstáit brataí ábhartha agus chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA gan mhoill.

3. I gcás ina n-iarrann cigirí údaraithe an Bhallstáit cead bordála ar shoitheach iascaireachta a sainaithníodh de bhun mhír 1 agus ina bhfaightear cead bordála ó mháistir an tsoithigh nó ó údaráis an Bhallstáit brataí, tarchuirfidh an Ballstát cigireachta torthaí aon chigireachta ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA.

*Airteagal 36*

**Soithí míleata**

I gcás ina n-úsáideann na Ballstáit soithí míleata chun bordáil agus cigireacht a dhéanamh faoin Rialachán seo, áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

(a) go ndéanann cigirí atá oilte go hiomlán i nósanna imeachta forfheidhmithe iascaigh bordáil agus cigireacht go sábháilte agus go bhfuil siad údaraithe go cuí chun na críche sin faoi dhlíthe náisiúnta;

(b) go gcomhlíonann bordáil cigirí údaraithe ó shoithí míleata na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 37*

**Faisnéis ar shoithí a ghlactar leis go ndearna siad iascaireacht NNN**

1. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis faoi shoithí a thoimhdítear go raibh siad i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN sa Limistéar a tharchur chuig an gCoimisiún gach bliain, agus 110 lá ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú de chuid Chruinniú na bPáirtithe. Seolfaidh na Ballstáit an fhaisnéis trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Tuairiscithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le CMM 06, arna leasú ó am go ham, a mbeidh an fhianaise thacaíochta ar fad atá ar fáil maidir le toimhde ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN ag gabháil léi.

2. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus tarchuirfidh sé chuig Rúnaíocht SIOFA í 90 lá ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú de chuid Chruinniú na bPáirtithe. Roimh an dáta sin, nó an tráth céanna, soláthróidh an Coimisiún an méid seo a leanas don Stát brataí ábhartha, go díreach nó trí Rúnaí Feidhmiúcháin SIOFA:

(a) cóip den fhaisnéis chuí-dhoiciméadaithe;

(b) fógra faoina ábharthacht do Dhréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA;

(c) iarraidh go n-admhóidh an stát brataí go pras go bhfuarthas an fógra sin.

*Airteagal 38*

**Cuimsiú de shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais ar Dhréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA**

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún fógra oifigiúil ó Rúnaíocht SIOFA á rá go bhfuil soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ar Dhréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA, tarchuirfidh sé an fógra chuig an mBallstát brataí lena mbaineann chun barúlacha a fháil ina leith laistigh de 55 lá roimh an gcéad ghnáthchruinniú eile de Chruinniú na bPáirtithe. Cuimseofar san fhógra an fhianaise thacaíochta agus aon fhaisnéis dhoiciméadaithe eile arna soláthar ag Rúnaíocht SIOFA.

2. Soláthróidh an Ballstát brataí aon bharúil don Choimisiún laistigh de 45 lá roimh an gcéad ghnáthchruinniú eile de chuid Chruinniú na bPáirtithe, lena n-áirítear fianaise infhíoraithe agus faisnéis tacaíochta eile, lena dtaispeántar nár oibrigh an soitheach a cuireadh ar Dhréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA de shárú ar CMManna, ná nach raibh sé d'fhéidearthacht aici iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar aon bharúil ón mBallstát brataí agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA í 40 lá ar a laghad roimh an gcéad ghnáthchruinniú eile de chuid Chruinniú na bPáirtithe.

3. A luaithe a bheidh fógra faighte acu ón gCoimisiún i gcomhréir le mír 1, déanfaidh údaráis an Bhallstáit brataí fógra a thabhairt d'úinéir an tsoithigh iascaireachta á rá go bhfuil an soitheach curtha ar Dhréacht-Liosta Soithí NNN SIOFA agus cuirfear in iúl don úinéir na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cuimsiú an tsoithigh sin ar Liosta Soithí NNN SIOFA arna ghlacadh ag Cruinniú na bPáirtithe.

*Airteagal 39*

**Liosta Soithí NNN SIOFA**

1. Nuair a ghlactar Liosta Soithí NNN SIOFA ag Cruinniú na bPáirtithe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

   (a) fógra a thabhairt d'úinéir aon soithigh atá faoina bhratach faoina cuimsiú ar Liosta Soithí NNN SIOFA agus na hiarmhairtí a thagann as cuimsiú ar an liosta sin;

   (b) na bearta a thógáil dá leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 i leith soithí iascaireachta a chuimsítear ar Liosta Soithí NNN SIOFA ó thráth an fhógra ag an gCoimisiún agus an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis na bearta sin;

   (c) cairtfhostú soithí atá ar Liosta Soithí NNN SIOFA a thoirmeasc;

   (d) athrú ar chriú atá ar bord soithí ar Liosta Soithí NNN SIOFA a thoirmeasc;

   (e) aon fhaisnéis iomchuí maidir le soithí a cuimsíodh ar Liosta Soithí NNN SIOFA a bhailiú agus a thraschur chuig an gCoimisiún, rud a chuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA chun é a roinnt le PCNanna eile.

2. I gcás ina bhfuil soitheach a áirítear ar Liosta Soithí NNN SIOFA i gcalafort Aontais ar chúis ar bith, diúltóidh an Ballstát calafoirt úsáid a chalafoirt do shoitheach den sórt sin chun iasc a chur i dtír, a thrasloingsiú, a phacáistiú agus a phróiseáil agus le haghaidh aon seirbhís chalafoirt eile lena n-áirítear athbhreoslú agus athsholáthar, cothabháil agus cur i nduga tirim, ach amháin sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 37, míreanna 5, 6 agus 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

*Airteagal 40*

**Neamhchomhlíontacht líomhnaithe arna tuairisciú ag SIOFA**

1. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rúnaíocht SIOFA ina léireofar amhras nár chomhlíon Ballstát nó soithí atá faoi bhratach Ballstáit an Comhaontú nó CMM, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann a luaithe is féidir.

2. Soláthróidh an Ballstát don Choimisiún torthaí aon imscrúdaithe a dhéantar i ndáil leis na líomhaintí maidir le neamhchomhlíontacht, agus aon bheart atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar nithe is ábhar imní ó thaobh comhlíontachta de, 75 lá ar a laghad roimh thús an chéad ghnáthchruinnithe eile de chuid Chruinniú na bPáirtithe.

3. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SIOFA ar a laghad 30 lá roimh ghnáthchruinniú de chuid Chruinniú na bPáirtithe.

# Caibidil 7
# Sonraí a bhailiú agus a thuairisciú

*Airteagal 41*

**Bailiú sonraí**

4. Coinneoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais logleabhar iascaireachta leictreonach ar bun de bhun Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

5. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais faisnéis an logleabhair iascaireachta a thíolacadh dá n-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

6. Áiritheoidh na Ballstáit bhrataí go mbaileofar sonraí maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta ó shoithí atá faoina mbratach i gcomhréir leis na ranna ábhartha d’Iarscríbhinn VI. Áirítear ar ghníomhaíochtaí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh ar spriocspeicis, speicis nach spriocspeicis iad, speicis ghaolmhara agus spleácha, amhail mamaigh mhuirí, reiptílí muirí, éin mhara nó speicis eile ar údar imní iad mar atá sainithe ag Coiste Eolaíochta SIOFA.

7. Baileoidh na Ballstáit bhrataí sonraí gabhála agus iarrachta ar bhonn gach gabhála ach amháin i gcás iascaireacht dorú láimhe. Maidir le hiascaireacht dorú láimhe, baileofar sonraí gabhála agus iarrachta soithigh ar bhonn oibríochta inarb ionann oibríocht agus gníomhaíocht laethúil príomhshoithigh, lena n-áirítear a dheoraithe, inarb ionann an ghabháil agus an ghabháil laethúil, agus inarb ionann an iarracht agus an líon iascairí gníomhacha in aghaidh an lae, an líon doruithe a ndéantar iascaireacht orthu in aghaidh an lae.

8. Soláthróidh na Ballstáit bhrataí don Choimisiún, achoimrí gabhála bliantúla maidir le gach speiceas/grúpa a gabhadh sa Limistéar i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin chomh maith. Áireofar leis na hachoimrí gabhála an fhaisnéis seo a leanas:

   (a) bliain féilire;

   (b) Limistéar staidrimh na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO);

   (c) ainm speicis/grúpa (gnáthainm agus ainm eolaíocha);

(d) cód speicis/grúpa (cód 3-alfa FAO) (más infhaighte);

(e) gabháil bhliantúil iomlán – tonaí ardaithe go beomheáchan iomlán.

9. Tuairisceoidh na Ballstáit bhrataí na sonraí arna mbailiú de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5 don Choimisiún faoin 15 Bealtaine gach bliain.

10. Tarchuirfidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 chuig Rúnaíocht SIOFA faoin 31 Bealtaine gach bliain.

11. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais Ballstáit na tuarascálacha sonraí uile maidir leis na siorcanna domhainfharraige uile a thaifeadadh agus a chur isteach go dtí an leibhéal tacsanomaíoch is ísle is féidir agus iad ag gabháil d'iascaireacht a dhéanamh ar acmhainní iascaigh.

*Airteagal 42*

**Tuarascáil náisiúnta**

1. 40 lá ar a laghad roimh thús gach gnáthchruinnithe de Choiste Eolaíochta SIOFA, soláthróidh na Ballstáit bhrataí tuarascáil náisiúnta bhliantúil don Choimisiún maidir lena ngníomhaíochtaí iascaireachta, taighde agus bainistíochta i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) i gcás na chéad tuarascála, beidh mionsonraí ar ghníomhaíochtaí na gcúig bliana féilire roimhe sin sa tuarascáil náisiúnta;

(b) i gcás na dtuarascálacha uile ina dhiaidh sin, cuimseofar sa tuarascáil náisiúnta mionsonraí ar ghníomhaíochtaí na bliana féilire roimhe sin;

(c) i gceachtar cás, cuirfear san áireamh sa tuarascáil náisiúnta na treoirlínte a d'ullmhaigh Coiste Eolaíochta SIOFA le haghaidh ullmhú tuarascálacha den sórt sin.

2. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chuig Rúnaíocht SIOFA 30 lá ar a laghad roimh thús gach gnáthchruinnithe de chuid an Choiste Eolaíochta.

*Airteagal 43*

**Sonraí breathnóra eolaíoch**

1. Cuirfidh na Ballstáit bhrataí cláir breathnóirí eolaíocha náisiúnta chun feidhme chun na sonraí agus an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú ó ghníomhaíochtaí a dhéanann soithí atá faoina mbratach:

(a) faisnéis soithigh, sonraí iarrachta agus gabhála maidir lena gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar, lena n-áirítear spriocspeicis, speicis nach spriocspeicis iad, speicis ghaolmhara agus spleácha lena n-áirítear mamaigh mhuirí, reiptílí muirí, éin mhara nó speicis eile ar ábhar imní iad arna sainmhíniú ag Coiste Eolaíochta SIOFA;

(b) sonraí bitheolaíochta nó sonraí eile agus faisnéis ábhartha chun acmhainní iascaigh a bhainistiú sa Limistéar, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VII, arna leasú ó am go ham, nó mar a shainaithníonn an Coiste Eolaíochta ó am go ham nó trí bhíthin próisis arna sainaithint ag Cruinniú na bPáirtithe;

(c) faisnéis eolaíoch a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí.

2. Tugtar tuairisc ar fheidhm agus ar chúraimí an bhreathnóra eolaíoch in Iarscríbhinn VII.

3. Soláthróidh na Ballstáit bhrataí, ina dtuarascáil náisiúnta, tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an chláir breathnóra don Choimisiún. Ba cheart ranna achoimre a bheith sa tuarascáil sin lena gcumhdaítear: oiliúint breathnóra, dearadh agus cumhdach cláir, an cineál sonraí a bailíodh, agus aon deacracht a tháinig chun cinn le linn na bliana féilire roimhe sin.

4. Baileoidh na Ballstáit bhrataí, i gcás na dturas uile a bhreathnófar, sonraí breathnóra i gcomhréir leis na ranna ábhartha d'Iarscríbhinn VII.

5. Áiritheoidh na Ballstáit bhrataí, i gcás inarb iomchuí, go gcuirfear na breathnóirí ar an eolas faoi phrótacail dhoiciméadaithe minicíochta faid agus samplála bitheolaíche agus faoi na tosaíochtaí sonracha don turas le haghaidh na ngníomhaíochtaí samplála a dhoiciméadaítear in Iarscríbhinn VII, agus go soláthrófar na prótacail sin dóibh.

6. Féachfaidh na Ballstáit bhrataí le samplaí fíocháin, otailite agus/nó goile a bhailiú i gcomhréir le haon chlár taighde a d'fhorbair Coiste Eolaíochta SIOFA.

7. Tuairisceofar na sonraí breathnóra ar fad arna mbailiú ag na Ballstáit bhrataí don Choimisiún faoin 15 Bealtaine gach bliain don bhliain féilire roimhe sin. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SIOFA faoin 31 Bealtaine gach bliain don bhliain féilire roimhe sin.

*Airteagal 44*

**Fíorú agus taisceadh sonraí**

1. Déanfaidh na Ballstáit bratаí an méid seo a leanas:

